



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

Tuarascáil an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir le húsáid fianán agus teicneolaíochtaí rianúcháin eile

Tar éis scuab-imscrúdú ar tugadh faoi idir Lúnasa
2019 agus Nollaig 2019

Dáta na Tuarascála: 6 Aibreán 2020

Rialachán 5 de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais

Cosnaíonn Rialachán 5 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2011 (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) (I.R. Uimh. 336 de 2011) ('Rialacháin Ríomhphríobháideachais') rúndacht na cumarsáide leictreonaí.

Aistríonn na Rialacháin Ríomhphríobháideachais in Éirinn an Treoir maidir le Ríomhphríobháideachas Eorpach 2002/58/CE, arna leasú ag 2009/136/CE, go dlí na hÉireann. Mar gheall gur treoir AE atá i gceist anseo, tá a reachtaíocht féin ag gach Ballstáit a aistríonn an Treoir isteach sa dlí náisiúnta.¹

Rialachán 5(3): Ní bhainfidh duine úsáid as líonra cumarsáide leictreonach le faisnéis a stóráil, nó le rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin ar threalamh teirminéalach rannpháirtí nó úsáideoir, mura

(a) bhfuil a thoiliú/a toiliú tugtha ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir i leith na húsáide sin, agus

(b) go bhfuil faisnéis shoiléir agus chuimsitheach curtha ar fáil don rannpháirtí nó don úsáideoir de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí atá —

(i) ar taispeáint go soiléir agus inrochtana faoi shaoirse, agus

(ii) ina n-áirítear, gan srian, críocha próiseála na faisnéise.

Rialachán 5(4): Chun críche Alt (3), ní mór go mbeidh na modhanna le faisnéis a sholáthar agus le toiliú a thabhairt chomh sothuigte agus is féidir. Sa chás go mbeidh sé indéanta go teicniúil agus go mbíonn sé éifeachtach agus aird á thabhairt ar fhorálacha ábhartha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, d'fhéadfaí toiliú an úsáideora a thabhairt i leith stórála faisnéise nó rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin trí úsáid a bhaint as na socruithe brabhsála cuí nó as feidhmchlár teicneolaíochta eile trí bhealaí lena bhféadfaí a bhreithniú go bhfuil a thoiliú/a toiliú tugtha ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir.

Rialachán 5(5): Ní chuireann Alt (3) cosc ar aon stóráil theicniúil, nó rochtain chuig faisnéis chun críche tabhairt faoi tharchur nó cumarsáid thar líonra cumarsáide leictreonaí agus sin amháin nó sa chás é a bheith riachtanach i ndáiríre le seirbhís sochaí faisnéise soiléir a chur ar fáil agus a bhí éilithe go soiléir ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir.

Cúlra

I mí Lúnasa 2019, chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) tús le scrúdú a dhéanamh ar úsáid fianán agus ar theicneolaíochtaí den chineál céanna ar fud raon earnálacha, lena n-áirítear, na meáin agus foilsitheoireacht, an earnáil mhiondíola, bialanna agus seirbhísí ordaithe bia, árachas, spórt agus caitheamh aimsire agus an earnáil phoiblí.

Roghnaíomar láithreáin ghréasáin a bhfuil an-tóir orthu agus atá á bhfeidhmiú ag formhór na n-eagraíochtaí is mó aithne ar fud na n-earnálacha seo. Chuireamar rialaitheoirí san áireamh freisin ar tugadh an úsáid a bhaineann siad as fianáin ar aird an DPC trí ghearáin ón bpobal nó trínár mbreathnóireacht féin maidir leis an mbealach ina cuireadh faisnéis maidir le fianáin agus le teicneolaíochtaí rianúcháin i láthair, nó a raibh an chuma orthu go raibh siad in easnamh, ar na láithreáin seo.

Is é a bhí mar chuspóir leis an scuab-shuirbhé faisnéis a éileamh chun deis a thabhairt dúinn le scrúdú a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí den sórt sin agus a fháil amach conas, agus cibé, an bhfuil eagraíochtaí ag comhlíonadh an dlí. Go háirithe, theastaigh uainn scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina bhfaigheann rialaitheoirí toiliú úsáideoirí le fianáin agus teicneolaíochtaí rianúcháin a úsáid.

Níor thugamar faoi scrúdú níos leithne ar an tionscal fógraíochta teicneolaíochta nó ar chreat fógraíochta tairiscintí fíor-ama mar chuid den scuab-shuirbhé seo mar go bhfuil na saincheisteanna seo faoi réir ag fiosrúcháin astu féin ag an DPC. Mar sin féin, bhí sé soiléir ón scrúdú ar chineálacha teicneolaíochtaí rianúcháin agus ar fhianáin a bhí in úsáid go bhfuil teicneolaíochtaí agus rianúchán fógraíochta i gcroílár samhlacha gnó formhór na láithreán gréasáin a scrúdaíodh.

Tráchttaireacht

As na 40 rialaitheoir ar iarradh orthu páirt a ghlacadh, iarchuireadh rialaitheoir amháin ina dhiaidh sin ar an mbunús go raibh sé ar na bacáin aige/aici láithreán gréasáin nua ar

fad a leathadh amach. Níor fhreagair rialaitheoir amháin aon chuid den chomhfhreagras nó aon mheabhrúcháin ón DPC agus d'fhéadfadh sé go mbreithneoidh an DPC gníomh breise ina leith sin.

Ní mór féachaint ar chaighdeán an toilithe nach mór do rialaitheoirí a fháil ó rannpháirtithe nó ó úsáideoirí le fianáin a úsáid, i bhfianaise caighdeán toilithe an GDPR, m.sh. ní mór toiliú a fháil trí bhealach gnímh dearfach atá soiléir agus an toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, go sonrach, go feasach, agus gan débhrí.

Bhí leibhéal maith comhoibrithe ann ó thaobh an scuab-shuirbhé agus bhí fonn ar fhormhór na rialaitheoirí comhlíontacht a léiriú. Thug díreach faoi thrí de na rialaitheoirí le fios go raibh feabhsúcháin indéanta aitheanta acu i leith a gcuid cleachtas agus go raibh siad ag iarraidh na rialacháin a chomhlíonadh agus go raibh fonn orthu treoir atá cothrom le dáta a fháil ón DPC. Dúirt dá rialaitheoir go sonrach go raibh siad ar an eolas go bhféadfadh sé nach raibh na rialacháin á gcomhlíonadh acu i láthair na huaire.

Bhí éagsúlacht leathan i gceist le caighdeán na faisnéise a chuir úsáideoirí ar fáil maidir le fianáin. Chuir láithreáin gréasáin roinnt rialaitheoirí faisnéis mionsonraithe agus srathaithe ar fáil maidir leis na teicneolaíochtaí a bhí in úsáid agus is beag mionsonraí a chuir rialaitheoirí eile ar fáil maidir le húsáid fianán, nó conas fianáin a dhiúltú.

Fuaireamar amach freisin go bhfuil raon leathan fianáin á socrú ag go leor rialaitheoirí chomh luath agus a théann úsáideoir isteach ar a láithreán gréasáin gan aon rannpháirtíocht leis an úsáideoir le tairseach bainistíochta toilithe nó meirge fianán. Áirítear orthu sin, fianáin tríú páirtí ó chuideachtaí meáin shóisialta, soláthróirí agus lucht fógraíochta íocaíochta, a chumasaíonn rianúchán agus monatóireacht dhian a dhéanamh ar nósanna brabhsála agus ar iompar ar líne (agus b'fhéidir as líne) daoine aonair, fiú amháin trasna an iliomad gaireas agus seisiún.

Rinne go leor rialaitheoirí rangú ar na fianáin a bhfuil siad ag baint úsáid astu ar a láithreáin ghréasáin mar fheidhm atá 'riachtanach' nó 'riachtanach i ndáiríre', áit ar féach sé nach raibh feidhm luaite an fhianáin ag freastal ar cheachtar den dá chritéar díolúine toilithe atá leagtha síos sna Rialacháin Ríomhphríobháideachais/Treoir Ríomhphríobháideachais. Áirítear orthu sin, fianáin ar baineadh úsáid astu le fáil amach faoi chomhrá téacs a bhí socraithe sular tháinig aon iarratas ón úsáideoir chun tús a chur le feidhm comhrá. I roinnt cásanna, tugadh ar aird nár oibrigh an fheidhm comhrá ar na láithreáin gréasáin a bhí i gceist.

Bhí sé soiléir go bhféadfadh sé go raibh míthuiscint ar roinnt rialaitheoirí maidir leis an gcritéar 'riachtanach i ndáiríre' nó go raibh a shainmhíniú ar riachtanas i ndáiríre i bhfad níos leithne ná mar atá na sainmhínithe atá curtha ar fáil i Rialachán 5(5).

Déantar soláthar sa rialachán go mbeidh an ceanglas maidir le toiliú a fháil chun faisnéis a stóráil nó le rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte ar threalamh teirminéalach rannpháirtí nó úsáideoir cheana féin *“nach gcuirtear cosc ar aon stóráil theicniúil, nó rochtain chuig an fhaisnéis sin, arbh é an t-aon chuspóir atá i gceist tabhairt faoi tharchur cumarsáide thar líonra cumarsáide leictreonaí nó atá riachtanach i ndáiríre le seirbhís na sochaí faisnéise a sholáthar atá iarrtha go soiléir ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir”*.

I roinnt cásanna, tá teicneolaíochtaí rianúcháin ag rialaitheoirí freisin, ar nós picteilíní Facebook atá leabaithe ina gcuid láithreán gréasáin, ach níor liostaigh siad an méid sin sa fhreagra ar an scuab-shuirbhé agus rinne siad teorannú ar an liosta fianán d’fhianáin a bhí ar a mbrabhsálaí http amháin. Dá bhrí sin, ní raibh sé soiléir cibé an raibh roinnt rialaitheoirí ar an eolas maidir leis na gnéithe rianúcháin a bhí in úsáid ar a láithreán gréasáin – sin mar bhí an cás, go háirithe ó thaobh rialaitheoirí beaga a chuir bainistíocht agus forbairt a láithreán gréasáin amach ar chonradh chuig tríú páirtí.

Tá leibhéal éigin feasachta ann, go háirithe i measc rialaitheoirí atá níos mó maidir leis an rialú le gairid ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) nó rialú atá ar na bacáin sa réimse Ríomhphríobháideachas, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a gcuid cleachtas. Thug roinnt rialaitheoirí le fios go bhfuil athmheasúnú a dhéanamh acu ar shaincheisteanna comhrialaitheoireachta a d’fhéadfadh a theacht chun cinn maidir le breiseáin tríú páirtí a úsáid agus cnaipí sóisialta ‘is maith liom’ i bhfianaise breithiúnas [Fashion ID](#) den 29 Iúil 2019. Áirítear anseo, athmheasúnú a dhéanamh, i roinnt cásanna, ar a gcaidreamh conarthach le tríú páirtí.

I mí Deireadh Fómhair, go gairid tar éis dúinn tús a chur leis an scuab-shuirbhé, rinne breithiúnas suntasach eile ón CJEU i gcás [Planet49](#) soiléiriú nach bhfuil toiliú maidir le socrú fianáin bailí má fuarthas an toiliú sin trí bhoscaí réamhthiceáilte nach mór d’úsáideoirí a dhíroghnú lena dtoiliú a dhiúltú.

Fuarthas amach go raibh boscaí réamhthiceáilte ag deichniúr (26%) de na rialaitheoirí a d’fhreagair, le comhartha a thabhairt ó thaobh toiliú d’fhianáin, lena n-áirítear, fianáin mhargaíochta, fógraíochta agus anailísíochta. Ní mór do na rialaitheoirí seo feidhmiú go tapa lena comhéadain a leasú, agus tá sé soiléir nach bhfuil siad ag cloí le dlí an AE. Beidh tuilleadh rannpháirtíochta i gceist leis na rialaitheoirí seo ar mhaithe leis na saincheisteanna seo a chur ar na súile dóibh.

Bhí go leor rialaitheoirí ag brath ar thoiliú intuigthe le fianáin a shocrú, nó threoraigh siad úsáideoirí chuig socruithe brabhsálaí le fianáin a rialú. Is cosúil, óna freagraí, agus ó fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir le fianáin ar fhormhór na láithreán, go nglacann rialaitheoirí leis go gciallaíonn Rialachán 5(4) gur féidir toiliú úsáideora a thabhairt le tuiscint óna socruithe brabhsála. Tá sé déanta soiléir ag Meitheal Oibre Airteagal 29, áfach, nach ionann an fhoráil seo sa Treoir maidir le Ríomhphríobháideachas), (mar atá

aistrithe i Rialachán 5(4)) agus nach eisceacht é ‘Airteagal 5(3), ach gur “meabhrúchán atá ann, sa timpeallacht teicneolaíochta seo, gur féidir toiliú a thabhairt ar bhealaí difriúla – sa chás é a bheith indéanta go teicniúil, éifeachtach agus de réir ceanglais ábhartha eile do thoiliú bailí. Sa chomhthéacs seo, is í an cheist ábhartha ná cinneadh a dhéanamh maidir le conas a fhreastalóidh na socrúcháin brabhsála ar cheanglais na Treorach 95/46/CE [agus an GDPR anois] agus ar an gcaoi sin, ar thoiliú bailí ...” Leanann an bharúil ar aghaidh lena rá go mbreithnítear i Meitheal Oibre Airteagal 29 go dtarlóidh sé seo *“in imthosca atá thar a bheith teoranta”*.ⁱⁱ

Bhí samplaí ann freisin de bhoscaí réamhthiceáilte a roghnaigh úsáideoirí d’fhianáin anailísíochta agus margaíochta trí réamhshocrú, ach gur theip ar an rialaitheoir seasamh le haon rogha a léirigh an t-úsáideoir sa chás gur dhíthiceáil siad na boscaí. I gcás áirithe amháin, bhí uirlis bhainistíochta toilithe scanóir Cookiebot curtha i bhfeidhm ag an rialaitheoir ina raibh boscaí réamhthiceáilte d’fhianáin ‘rogha’, ‘staitisticí’ agus margaíochta’. Dhíthiceáil an t-úsáideoir na boscaí seo go léir agus lean ar aghaidh ag brabhsáil ar an láithreán, agus mar thoradh air sin, socraíodh líon fianáin a bhain le feidhmíocht agus le margaíocht (deighilt lucht féachana) gan toiliú ar bith ón úsáideoir. Socraíodh fianán tríú páirtí freisin le tréimhse saoil 10 mbliana gan toiliú agus gan aon earraí curtha ag an úsáideoir sa chiseán siopadóireachta.

Bhí easpa soiléireachta freisin mar ghné ar go leor láithreáin maidir leis an mbealach ina bhféadfaidh úsáideoir toiliú a dhiúltú nó a tharraingt siar níos deireanaí.

Thugamar comhéadain ar aird freisin nuair nár léirigh meirge fianán aon rogha seachas ‘glacadh’ gan aon nasc le faisnéis bhreise maidir le fianáin, agus an beartas maidir le fianáin nó an polasaí maidir le príobháideachas déanta míshoiléir ag an fhógra maidir le fianáin sa bhuntasc. Ní amháin go bhfuil na cleachtais seo suarach ó thaobh comhéadan úsáideora — cuireann siad bac go gníomhach ar úsáideoirí ón fhaisnéis a theastaíonn uathu a fháil ar mhaithe lena bhreithniú toiliú a bheith tugtha faoi shaoire agus gan débhrí.

Thug 15 de na 38 rialaitheoir a d’fhreagair le fios go raibh a fhios acu nach raibh siad ag comhlíonadh na rialacháin atá ann cheana féin, nó bhí feabhsúcháin aitheanta acu a d’fhéadfadh siad a dhéanamh ar a láithreáin ghréasáin ar mhaithe le comhlíontacht a léiriú. Bhí céimeanna glactha ag roinnt acu lena gcuid cleachtas a leasú mar gheall ar an scuab-shuirbhé seo, lena n-áirítear fáil réidh le fianáin nach raibh riachtanach nó a bhí éiginnte a bhí aitheanta acu le linn an chleachtas.

Mar sin féin, táimid den tuairim go bhfuil saincheisteanna comhlíontachta ag formhór na láithreán go léir, a théann ó fhadhb atá réasúnta mion go fadhb atá níos tromchúisí.

Modheolaíocht

Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi scrúdú deisce ar fhreagra gach aon rialaitheoir i leith na scuab-shuirbhé, agus rinne measúnú agus anailís ar chomhlíontacht leis an I.R. 336/2011 reatha ('na Rialacháin Ríomhphríobháideachais') agus lena fháil amach cibé ar tugadh toiliú d'fhianáin neamhdhiolmhaithe nó do theicneolaíochtaí rianúcháin ag teacht le ceanglais GDPR (m.sh. tugtha faoi shaoirse, go sonrach, go feasach agus gan débhrí).

Rinneadh scrúdú aonair ar gach láithreán gréasáin ar bhrabhsálaí glan (m.sh. leis na fianáin glanta) chun a fháil amach chomh fada agus ab fhéidir cibé a raibh cur síos an rialaitheora ar a chuid/ar a cuid gníomhaíochtaí fianáin agus comhlíontachta ag teacht leis an fhíor-ghníomhaíocht agus leis an fhaisnéis a bhí á cur i láthair d'úsáideoirí ar an gcomhéadan.

Chun críocha na céime seo den scuab-shuirbhé, bhí an fhoireann imscrúdaithe, dá bhrí sin, ag brath ar ghníomhaíocht inbhraite i mbrabhsálaithe, ar mheasúnú teanga agus ar chomhéadain úsáideora (UX) a bhí in úsáid ag na rialaitheoirí, ar anailís a dhéanamh ar an gcreat dleathach agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta de réir tuairimí na rialaitheoirí féin.

Rinne an fhoireann imscrúdaithe rangú ar gach aon rialaitheoir agus úsáid á bhaint as córas códaithe simplí, **DEARG**, **BUÍ**, **UAINE**.

Léirigh **UAINE** freagra an-mhaith ar an scuab-shuirbhé, comhlíontacht den chuid is mó, réitíodh aon údair inní go simplí agus go héasca.

Léirigh **BUÍ** freagra agus cur chuige maith i leith comhlíontacht, ach bhí údar inní amháin ar a laghad ann.

Léirigh an rangú **DEARG** freagra suarach nach raibh críochnaithe nó ceisteanna nach bhfuarthas tuiscint orthu, agus bhí roinnt údair inní tromchúiseacha ann.

Ag déanamh measúnú ar chomhlíonadh/neamhchomhlíonadh 38 freagróir

Tugadh grádú **BUÍ** do scór rialaitheoir a bhí faoi scrúdú. Tugadh grád teorannach **BUÍ** go **DEARG** do thriúr rialaitheoir.

Tugadh grádú **DEARG** do dhá rialaitheoir dhéag, nach raibh bunaithe go díreach ar chaighdeán suarach amháin a gcuid freagraí agus ar na droch-chleachtais a bhí á

bhfeidhmiú acu freisin i leith meirgí fianáin, socrú fianáin líonmhara gan toiliú, beartais fianáin nó beartais príobháideachais a raibh droch-leagan amach orthu, agus easpa soiléireachta cibé a raibh tuiscint acu ar chuspóirí na reachtaíochta Ríomhphríobháideachais.

Níor tugadh rátáil UAINE ach do bheirt rialaitheoir, agus bhí duine acu sin teorannach idir UAINE agus BUÍ.

Fuarthas amach go bhféadfadh saincheisteanna comhlíontachta a bheith ag formhór na 38 rialaitheoir a scrúdaíodh, go háirithe maidir leis an mbrath ar thoiliú intuigthe le fianáin neamh-dhíolmhaithe a shocrú, socrú fianáin ar a theacht isteach ar an láithreán gréasáin gan aon rannpháirtíocht ó thaobh an úsáideora le fógraí maidir le toiliú nó le huirlisí eile, easpa rogha d'úsáideoirí leis na fianáin go léir a dhiúltú, cuachadh toilithe do na críocha go léir agus mí-rangú féideartha fianáin mar 'riachtanach' nó riachtanach i ndáiríre sa chás nach féidir leo leas a bhaint as ceachtar de dá dhíolúine atá curtha ar fáil sna Rialacháin Ríomhphríobháideachais.

Toiliú intuigthe

Bhí thart ar dhá thrían de na rialaitheoirí ag brath go sonrach ar an tsamhail "toiliú intuigthe" le fianáin a shocrú, bunaithe ar an fhoclaíocht meirgí fianáin (m.sh. "trí leanúint ar aghaidh ag brabhsáil ar an suíomh seo tá tú ag tabhairt do thoiliú le húsáid a bhaint as fianáin"). Bhí an chuma air go raibh roinnt acu ag baint leas as treoir a bhí níos sine, agus nach bhfuil ann níos mó a bhí foilsithe ag an DPC a thug le fios go bhféadfaí toiliú a fháil "dá réir", sa chás go raibh fógraí faisnéise den sórt sin socraithe. (Ní dhéanann an treoir reatha ó láithreán gréasáin an DPC aon tagairt do thoiliú intuigthe, ach díritear níos mó freisin ar rialú úsáideora i leith fianáin seachas ar oibleagáidí rialaitheora.)

Bhí na rialaitheoirí seo atá ag brath ar thoiliú intuigthe agus úsáid á bhaint as cineálacha difriúla focail ina gcuid meirgí fianán agus i bhfógraí dá mba rud é gur lean úsáideoir ag brabhsáil ar an láithreán gréasáin, go measfaí go raibh a thoiliú/a toiliú tugtha ag an úsáideoir sin le fianáin a úsáid.

Measann DPAnna sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe nach ionann gníomhaíocht den sórt sin agus toiliú a thabhairt agus le toiliú a bheith bailí, ní mór an toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, go sonrach, go feasach agus gan débhrí. Léiríonn treoir a d'fhoilsigh DPA na Spáinne, áfach, go bhféadfadh úsáideoirí toiliú a thabhairt i leith fianáin trí "ghníomh dearfach, soiléir" ar nós scrolláil ar láithreán gréasáin nó cliceáil ar nasc. Ní bhreithníonn an DPC go gciallaíonn leanúint ar aghaidh ag scrolláil ar láithreán gréasáin (tráth a bhféadfadh meirge fianán nach raibh an t-úsáideoir bainteach leis imeacht as amharc), nó cliceáil ar aon nasc nó ar aon ghnéithe ar leathanach gréasáin nó ar chomhéadan aip, gur féidir glacadh leis sin mar thoiliú atá tugtha faoi shaoirse, go sonrach, go feasach agus gan débhrí le fianáin a shocrú.

Fianáin neamhriachtanacha atá socraithe ar theacht isteach ar an láithreán gréasáin

I gcás formhór na láithreán gréasáin go léir seachas aon cheann amháin, bhí fianáin socraithe díreach ar theacht isteach ar an láithreán gréasáin. Bhí fianáin san áireamh anseo i go leor cásanna nach mbaineann leas as ceann de na díolúintí toilithe atá ar fáil sna rialacháin.

Bhí comhéadan ar fformhór na láithreán gréasáin le meirge fianáin a chuidigh leis an rogha ‘glac’ gan aon rogha ann le fianáin a ‘dhiúltú’. Fiú sa chás go raibh an rogha acu tuilleadh a fhoghlaim faoi fhianáin, níor áirigh sé seo, in go leor cásanna, an rogha srathaithe le glacadh le nó le fianáin a dhiúltú de réir feidhme. Tá cur chuige ‘le brú a chur orthu’ mar a thugtar air, sa dearadh gréasáin coitianta áfach, tráth nach dtugtar aon rogha don úsáideoir ach glacadh leis na fianáin go léir.

Uirlisí

Bhí easpa uirlisí ann d’úsáideoirí le hathrú a dhéanamh ar a roghanna toilithe nó lena roghanna toilithe a tharraingt siar mar ghné ar fformhór na láithreán a ndearnadh athbhreithniú orthu, in ainneoin úsáid a bheith á mbaint as tairseacha bainistíochta toilithe díoltóirí tríú páirtí ag roinnt rialaitheoirí. Bhí OneTrust agus Cookiebot ar an dá CMPanna is mó a bhí in úsáid.

Bhí an chuma air go raibh rialaitheoirí ag baint úsáid as fianán toilithe sonracha le taifeadadh a dhéanamh gur thoiligh an t-úsáideoir leis na fianáin. Bhí tréimhse saoil de thart ar aon bhliain amháin den chuid is mó ag na fianáin toilithe seo.

Is féidir le húsáid fianán go seasmhach le taifeadadh a dhéanamh ar staid toilithe úsáideora agus a roghanna fianáin mearbhall a chur ar na daoine is ábhar do na sonraí sa chás nach bhfuil aon uirlisí feiceálacha ar an láithreán gréasáin chun cur ar a gcumas a dtoiliú a tharraingt siar nó a dtoiliú a athrú níos déanaí. D’fhéadfadh fianán toilithe seasmhach a bheith stóráilte ar bhealach nach mbíonn sé soiléir ar an bpointe boise don úsáideoir nó don rannpháirtí gur dóigh go raibh cuairt tugtha acu ar an láithreán cheana agus go bhfuil taifeadadh déanta ar a gcuid roghanna toilithe cheana féin. Thug Meitheal Oibre Airteagal 29 ar aird na fadhbanna praiticiúla a bhaineann le toiliú a fháil, go háirithe, má tá toiliú riachtanach gach uair a léitear fianán chun críocha fógraíocht spriocdhírthe a sheachadadh. ⁱⁱⁱ

Mar sin féin, molann Meitheal Oibre Airteagal 29 freisin teorannú a dhéanamh ar scóip an toilithe ar feadh tréimhse ama, mar shampla aon bhliain amháin. Ní raibh sé follasach i gcónaí ar na 38 láithreán gréasáin, go háirithe nuair a bhí an rialaitheoir ag baint úsáide as samhail toilithe “intuigthe”, go raibh taifeadadh déanta ar staid an toilithe trí fhianán a úsáid ar chuairt roimhe seo. Rinne sé sin cúrsaí i bhfad níos deacra don úsáideoir, fiú le roinnt eolais maidir leis an mbealach le socruithe brabhsála a shocrú nó le fáil réidh le fianáin, lena dtoiliú a athrú nó le fianáin a dhiúltú ar an dara

cuairt nó ar chuairt ina dhiaidh sin. Ar cheann de na réitigh deartha a bhí soiléir leis an deis a thabhairt d'úsáideoirí a dtoiliú a athrú, bhí cnaipe fianán (nó 'cnaipe raidió') a léiríonn barraí sleamhnáin nó roghanna ann/as.

Meirgí agus comhéadain

Deartha go dona — nó d'fhéadfadh siad fiú a bheith mealltach in aon turas — bhí meirgí fianáin agus uirlisí bainistíochta toilithe mar ghné ar líon láithreáin freisin.

Bhí úsáid á bhaint ag beirt rialaitheoir as tairseach bainistíochta toilithe faoi leith.

Agus scrúdú á dhéanamh ar an mbealach a raibh rialaitheoirí ag baint úsáide as an CMP sin laistigh den scuab-shuirbhé seo ar fhianáin, bhí an comhéadan ar an mbealach a raibh sé curtha i bhfeidhm in ann mearbhall a chur ar úsáideoirí agus d'fhéadfadh sé a bheith mealltach. Ó thaobh láithreán gréasáin amháin, bhí gné a bhí ag maíomh é a bheith nasctha le comhéadan bainistíochta toilithe, ag obair, mar a dtugtar breac-chuntas ina leith i bhfreagraí an rialaitheora i leith na scuab-shuirbhé.

I gcás rialaitheoir eile, bhí na barraí sleamhain a bhí ag maíomh go raibh deis á thabhairt acu d'úsáideoir rialú a dhéanamh ar na fianáin trína nglacadh nó trína ndiúltú, cóirithe ar dhearg trí réamhshocrú. Léirítear i uaine iad nuair a athraítear go dtí a mhalairt de riocht iad. Níl na socrúithe, mar sin féin, faoi lipéad ANN nó AS. Tá comhéadan an bharra sleamhnáin curtha i láthair thíos faoi dhá chnaipe dhubha, áfach, ag barr an scáileáin, ceann amháin ina léitear **DIÚLTAIGH IAD GO LÉIR** agus ceann eile ina léitear **GLAC LEO GO LÉIR**. Nuair a chliceáiltear ar an gcnaipe **DIÚLTAIGH IAD GO LÉIR** ní tharlaíonn dada. Ar mhaithe le leanúint ar aghaidh go dtí an láithreán, ní mór don úsáideoir cliceáil ar **GLAC LEO GO LÉIR** nó **SÁBHÁIL AGUS IMIGH**. Níl sé soiléir ar chor ar bith cibé a ndéanann cliceáil ar **GLAC LEO GO LÉIR** sárú ar na socrúcháin barra sleamhnáin.

Inrochtaineacht

Ní bheidh an taithí chéanna ag gach úsáideoir ar láithreán gréasáin ná ar aip agus d'fhéadfadh roinnt de na comhéadain le cnaipí daite agus le barraí sleamhnáin mearbhall a chur orthu siúd le dathdhaille, mar shampla.

Meastar go bhfuil dathdhaille dearg-uaine ag cur isteach ar 8% d'fhir agus idir 0.5% agus 1% de mhná. Bhí barraí sleamhnáin i bhfeidhm ar roinnt de na láithreáin gréasáin a scrúdaíodh le scéim dhathanna dearg agus uaine, ach nach raibh marcáilte go soiléir le ANN agus AS a chur in iúl.

Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh comhéadan le roghanna dénrtha DEARG/UAINE a bheith deacair do roinnt daoine ó thaobh nascleanúint a dhéanamh mar go mbeidh sé deacair orthu idirdhealú a dhéanamh idir na dathanna.

Moladh: Ní mór do rialaitheoirí saincheisteanna inrochtaineachta a bhreithniú agus brabhsálaí agus comhéadain úsáideora soghluaiste á ndearadh acu.

Ní mór, mar dhea-chleachtas, barraí sleamhnáin agus ticbhoscaí a bheith marcáilte go soiléir ANN nó AS, fiú mar tá rogha dath dénrtha acu freisin, ionas nach mbeidh ar an úsáideoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir lena bhfeidhmiúlacht.

Measúnú rialaitheoirí maidir le comhlíontacht

Thug thart ar 15 de na 38 rialaitheoir a d'fhreagair le fios gur thuig siad go bhféadfadh sé nach raibh na rialacháin Ríomhphríobháideachais atá ann i láthair na huaire á gcomhlíonadh acu, nó d'aithin siad feabhsúcháin a d'fhéadfadh siad a dhéanamh ar a gcuid láithreán gréasáin ar mhaithe le comhlíontacht a léiriú. Bhí sé soiléir ó roinnt de na freagraí go bhféadfadh sé nach bhfreastalóidh fiú roinnt de na hathruithe a bhí beartaithe ag na rialaitheoirí lena gcur ar ais ar bhonn comhlíontachta iomlán, go háirithe maidir le húsáid toiliú intuigthe, neamhdhóthanacht na faisnéise atá á chur ar fáil do na hábhair sonraí maidir leis na cineálacha fianáin agus na teicneolaíochtaí rianúcháin atá in úsáid, agus easpa bealaí soiléire le fianáin nach bhfuil riachtanach a dhiúltú nó toiliú a athrú ag tráth níos déanaí.

Blaiseadh de na freagraí

- Thug rialaitheoir amháin le fios go raibh sé/sí den tuairim go raibh na rialacháin á gcomhlíonadh acu agus go raibh mearbhall air/uirthi maidir leis na Rialacháin Ríomhphríobháideachais (I.R. Uimh. 336/2011) leis an moladh maidir leis an Rialachán Ríomhphríobháideachais AE nua nach bhfuil comhaontaithe ná tugtha chun críche fós. Go deimhin, rinne líon rialaitheoirí tagairt don mholadh maidir leis an Rialachán Ríomhphríobháideachais nua ina gcuid freagraí agus maidir leis an mbealach inar mian leo a gcomhlíontacht a dhéanamh seasmhach don todhchaí. Mar sin féin, go bunúsach, is cosúil go gciallaíonn sé seo go bhfuil na rialaitheoirí ag súil go dtabharfar isteach gnéithe nó comhéadain agus nach gá go mbeadh siad ag comhlíonadh na reachtaíochta reatha.
- Chreid rialaitheoir amháin mar gheall go rabhthas ag úsáid Cookiebot CMP ar an ríomhaire gur chiallaigh sé sin go raibh na rialacháin á gcomhlíonadh. Ní dhearbhaíonn úsáid uirlis toilithe tríú páirtí le fianáin a bhainistiú aisti féin go bhfuil rialaitheoir comhlíontacht. Mar a chéile le beartais príobháideachais agus beartais fianáin, ní féidir le huirlisí den sórt sin feidhmiú ar an mbonn go ndéanann an toise céanna gach duine: ní mór iad a bheith saindeartha go sonrath do riachtanais gach aon rialaitheoir agus **ní mór** go ndéanfaidh siad an méid atá á mhaíomh acu. Ní mór go bhfeidhmeoidh na cnaipí agus na barraí

sleamhnáin go díreach mar a chuirtear i láthair iad agus ní mór aon roghanna maidir le toiliú a thaifeadadh go cruinn agus meas a léiriú ar an toiliú sin.

- Ghlac miondíoltóir mór leis nach raibh sé/sí ag comhlíonadh na reachtaíochta reatha ach mhaígh sé/sí go raibh sé beartaithe CMP nua a chur i bhfeidhm sa Chéad Ráithe den bhliain 2020.
- Ó thaobh rialaitheoir mór eile san earnáil miondíola, bhí an chuma air nach raibh sé/sí feasach go hiomlán ar fheidhmeanna roinnt de na fianáin tríú páirtí a bhí socraithe ar a láithreán, á thabhairt ar aird i gcás amháin “gur dóigh go raibh an fianán á úsáid do phróifiliú déimeagrafach agus chun díriú ar fhógraíocht”. Sa chás go bhfuil rialaitheoirí ag baint úsáide as teicneolaíochtaí den sórt sin ar a láithreán gréasáin, is orthu sin atá an fhreagracht ó thaobh a bheith ar an eolas maidir lena gcuspóir agus lena bhfeidhmiúlacht.
- Dheimhnigh rialaitheoir in earnáil na baincéireachta gur dóigh go gcuirfeadh sé/sí faisnéis a chuir úsáideoirí isteach le chéile chun críocha táirgí iasachta a ríomh nó ar chúiseanna eile chun fianáin a dhíriú chun críocha fógraíochta.
- Léirigh rialaitheoir difriúil i dtionscal na baincéireachta go bhféadfadh sé nach raibh an bhraith ar thoiliú intuigthe le fianáin a shocrú comhlíontach.
- Luaigh rialaitheoir in earnáil na mbialann gur chreid sé/sí nach raibh toiliú riachtanach le fianáin a shocrú, in ainneoin gur leagadh amach an reachtaíocht agus a cuid cuspóirí i litir a seoladh chuig rialaitheoirí an 15 Lúnasa 2019. Theip ar an rialaitheoir seo agus ar líon rialaitheoirí eile in earnáil na mbialann (a bhfuil siad go léir ag baint úsáide as an mbun-tairseach ordaithe céanna), ceisteanna an DPC a fhreagairt go leordhóthanach maidir leis an úsáid a bhí á bhaint acu as fianáin agus as rianairí eile.
- Léirigh líon rialaitheoirí san earnáil spóirt cur chuige maith i leith comhlíontachta. De bhun na scuab-shuirbhé, d’aithin rialaitheoir amháin líon gníomhartha, lena n-áirítear, go scriosfaidh aon fhianáin nach raibh riachtanach nó fianáin ar ghairis an úsáideora nár úsáideadh. Dúirt sé/sí gur fianáin éiginnte a bhí in go leor acu sin agus go stopfaí lena socrú sa Chéad Ráithe den bhliain 2020 nuair a bhogfaí a siopa ar líne go tairseach nua faoi bhainistíocht rialaitheora sonraí neamhspleách. Chuir sé/sí uirlis bhainistíochta toilithe i bhfeidhm freisin.
- Bhí líon suntasach rianairí tríú páirtí ag rialaitheoirí in earnálacha na meáin agus na foilsitheoireachta, sna hearnálacha baincéireachta agus airgeadais agus san earnáil árachais sláinte, lena n-áirítear rianairí fógraíochta a dhéanann rianú ar úsáideoirí ar fud an Idirlín. Bhí thart ar 150 rianaire fógraíochta tríú páirtí ag rialaitheoir amháin chomh maith le líon mór fianáin anailísíochta tríú páirtí a bhí socraithe gan aon toiliú a fháil.
- Ní cosúil gur chuir gach rialaitheoir faisnéis isteach maidir le rianú i JavaScript, mar sin ní féidir measúnú shoiléir a dhéanamh ar mhéid an chineáil seo rianaithe sa chleachtas seo. Léirigh rialaitheoir amháin go mbaineann sé/sí

úsáid as Facebook SDK (fearas forbartha bogearraí) chun deis a thabhairt dó/di le breiseáin sóisialta, logáil isteach Facebook agus gnéithe eile Facebook a fheistiú. D'fhéadfadh sé go mbeadh rialaitheoirí eile ag baint úsáide as Facebook SDK freisin.

- Thug comhlacht meáin amháin ar aird gur baineadh úsáid as fianán rianaithe GPS tríú páirtí freisin le ID uathúil a chlárú ar ghléas móibíleach le rianú bunaithe ar shuíomh GPS a chumasú. Ní mór toiliú a fháil d'aon fhianáin nó teicneolaíochtaí rianúcháin a bhfuil próiseáil sonraí ar shuíomh beacht nó an ghairis an úsáideora i gceist leo.

Rianairí ar láithreáin a bhaineann le sláinte

- Is údar imní ar leith atá i rianú tríú páirtí ar líon láithreáin gréasáin a bhaineann le sláinte, go háirithe i gcás rialaitheoirí a bhféadfadh sé go bhfuil próifílí soiléire curtha le chéile acu cheana féin maidir le húsáideoirí/custaiméirí aitheanta (ar nós i gcomhthéacs árachas sláinte). Mar shampla, fuarthas amach go raibh láithreáin gréasáin árachais sláinte ag úsáid fianán fógraíochta agus fianáin spriocdhírthe, lena n-áirítear, fianáin a bhí socraithe ag DoubleClick atá faoi úinéireacht Google.
- Rinne rialaitheoir amháin san earnáil seo cur síos ar fhianán fógraíochta tríú páirtí mar seo a leanas: *“Go ginearálta, socraíonn comhpháirtithe fógraíochta an fianán DoubleClicks tríd an láithreán, agus baintear úsáid as le próifíl a chur le chéile de spéiseanna an chuirteora chun an láithreáin gréasáin agus le fógraí ábhartha a thaispeáint ar láithreáin eile. Oibríonn an fianán seo trí do bhrabhsálaí agus trí do ghairis a aithint go huathúil.”*
- Baineann rialaitheoir eile a bhaineann le sláinte úsáid as fianáin spriocdhírthe le fianáin Quantserve á n-úsáid le “fógraí ábhartha” a sheoladh chuig úsáideoirí nuair a thugann siad cuairt ar láithreáin eile ina dhiaidh sin. Baineann an láithreán gréasáin úsáid as Hotjar freisin, a dhéanann anailís ar an áit a gcliceálann agus a mbíonn úsáideoirí ag scrollú ar an láithreán gréasáin. Baineann an rialaitheoir úsáid as fianáin spriocdhírthe le díolacháin a rianú nuair a chliceálann úsáideoirí ar fhógraí a sheoltar chucu ó láithreáin gréasáin eile.
- Baineann comhlacht poiblí amháin úsáid as clibeanna tuilsolais (picteilíní DoubleClick agus Facebook) “chun tacú le feidhmíocht fógraíochta a rianú”. Cuireann sé roghanna ar fáil trí dhá bharr sleamhnáin a chur ar fáil (atá socraithe ar dhearg) chun glacadh le “fianáin a dhéanann tomhas ar úsáid an láithreáin ghréasáin” agus “fianáin a chuidíonn le feachtais sláinte”. Cuirtear úsáideoirí ar an eolas go bhfuil na fianáin seo á n-úsáid le heolas a thabhairt don rialaitheoir má tá a gcuid fógraí feicthe ag an úsáideoir ar na meáin shóisialta, ar nós Facebook nó Twitter. Bhí caighdeán gráinneach sna míniúcháin a bhí tugtha

maidir le cuspóirí na bhfianán seo agus sna fianáin féin freisin ó thaobh glacadh leo nó iad a dhiúltú. Ní raibh sé soiléir cé na cineálacha fianáin a bhí á socrú agus cé acu nár fhreastal ar an gcritéar maidir le díolúine ó thoiliú i Rialachán 5(5).

- Is údar imní é an easpa soiléireachta maidir leis an úsáid a bhaintear as fianáin ó thaobh eagraíocht earnála poiblí atá ag soláthar faisnéis a bhaineann le sláinte. Cé nach gá go gcuirfeadh achainín den sórt sin cosc ar altrúchas úsáideoirí láithreán gréasáin sláinte le toiliú a thabhairt d'fhianáin “a chuidíonn le feachtais sláinte”, ní mór breac-chuntas a thabhairt ar chineál na bhfianán seo, na cuspóirí beachta a ghabhann leo agus na tríú páirtithe a mbeidh an fhaisnéis a chomhroinnt leo bunaithe ar thoiliú an úsáideora, sula socraítear na fianáin. Cé go bhféadfadh sé go mbeidh próiseáil catagóir sonraí speisialta bunaithe ar an tuiscint a bhaintear as patrúin bhrabhsála an duine ar láithreán gréasáin, an úsáid a bhain siad as an láithreán gréasáin roimhe seo, nó as sonraí nasctha ó fhoinsí eile, ní mór go mbeidh an toiliú seo **soiléir**.
- Fuarthas amach freisin go raibh an eagraíocht chéanna ag socrú fianáin a bhí rangaithe aici a bheith riachtanach i ndáiríre le tréimhse saoi “go brách”. Mhol Meitheal Oibre Airteagal 29 gur chóir go mbeidh *“tréimhse saoil ag fianáin atá díolmhaithe ó thoiliú atá díreach bainteach leis an gcuspóir a bhfuil siad á n-úsáid lena aghaidh, agus nach mór iad a bheith socraithe le dul in éag nuair nach bhfuil siad ag teastáil níos mó, ag tógáil san áireamh ionchais réasúnacha an ghnáthúsáideora nó an ghnáthranpháirtí”*.^{iv}
- Táimid imníoch go bhféadfadh seo go bhfuil an chatagóir speisialta sonraí, ar nós mionsonraí maidir le breoiteacht nó maidir le riocht sláinte a bheadh á lorg ag úsáideoir ar láithreáin gréasáin den sórt sin, á gcomhroinnt le páirtithe ar nós Google agus Facebook trí úsáid a bhaint as próifíilí follasacha custaiméirí atá logáilte isteach nó trí phróifíilí tuarthacha bunaithe ar aitheantóirí uathúla. Sna cásanna seo, d'fhéadfadh an rialaitheoir a bheith ag próiseáil catagóir speisialta sonraí agus á gcomhroinnt le tríú páirtithe, lena n-áirítear, lucht fógraíochta, gan bonn dleathach leis.

Boscaí réamhthiceáilte

Bhí deichniúr as na 38 rialaitheoir ag baint úsáid as boscaí réamhthiceáilte nó as barraí sleamhnáin ar a gcuid láithreán gréasáin. I gcás formhór na rialaitheoirí, bhí toiliú ‘cuachta’ ann freisin – i bhfocail eile, ní raibh sé indéanta ag úsáideoirí toiliú a rialú maidir leis na cuspóirí difriúla á raibh na fianáin á n-úsáid lena n-aghaidh. Níl sé seo ceadaithe, agus tá soiléiriú déanta air sin i mbreithiúnas *Planet49*. Ní gá toiliú a thabhairt i leith gach fianán, ach tá gá toiliú a thabhairt do gach cuspóir. Sa chás go mbíonn toiliú ag teastáil do níos mó ná aon chuspóir amháin ní mór é sin a fháil do na cuspóirí go léir astu féin.

Tugadh faoi deara ó thaobh láithreán gréasáin amháin ar a laghad nach raibh aon fheidhm leis an mbosca chun fáil réidh le ‘roghanna’, ‘staitisticí’ agus ‘margaíochta’ ar leathanach baile CMP (Cookiebot) sa ticbhosca agus bhí na fianáin socraithe ar aon nós nuair a thosaigh an t-úsáideoir ag brabhsáil ar an láithreán gréasáin.

Breithiúnas Planet49: An 1 Deireadh Fómhair 2019, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a breithiúnas maidir le cás *Planet49* GmbH.

Rinne an breithiúnas seo soiléiriú nach bhfuil toiliú bailí, i bhfoirm fianáin, má tá faisnéis stóráilte nó rochtain ar fhaisnéis stóráilte cheana féin ar threalamh teirminéalach láithreán gréasáin an úsáideora ceadaithe trí bhealach ticbhosca réamhthiceáilte nach mór don úsáideoir a dhíroghnú nó a thoiliú/a toiliú a dhiúltú.

Rinne an rialú soiléiriú freisin nach bhfuil ciall difriúil le baint as ceanglais toilithe de réir cibé ar shonraí pearsanta nó nach ea an fhaisnéis atá stóráilte nó rochtana ar ghaireas an úsáideora.

Ba chóir go n-éileofaí ar rialaitheoirí a bhain feidhm as uirlisí bainistithe toilithe nó as meirgí agus fógraí fianáin agus as boscaí réamhthiceáilte nó barraí sleamhnáin a bhí socraithe trí réamhshocrú, aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo gan mhoill.

Déantar soiléir sa bhreithiúnas freisin nach mór go mbeidh an léiriú ar mhianta an ábhair sonraí inter alia, ‘sonrach’ sa chiall nach mór go mbeidh baint aige “go sonrach do phróiseáil na sonraí atá i gceist agus nach féidir a thabhairt le tuiscint ó léiriú mhianta an ábhair na sonraí chun críocha eile.” Ciallaíonn sé seo nach gceadaítear ‘cuachadh’ toilithe mar a thugtar air do na críocha go léir a bhfuil na fianáin agus teicneolaíochtaí rianúcháin eile á n-úsáid.

Ní mór do rialaitheoir aird faoi leith a thabhairt ar an fhíric cibé a bhféachtar nó nach bhféachtar ar na fianáin a bhfuil feidhm bainte astu “go bhfuil sonraí pearsanta iontu” nó go bhfuil siad bunaithe ar shonraí pearsanta astú féin, tá toiliú riachtanach sula socraítear iad mura bhfuil siad ag baint leasa as ceann de dá dhíolúine toilithe a ndéantar foráil dóibh sna Rialacháin Ríomhphróibháideachais ag Rialachán 5(5).

Ina ainneoin sin, bá chóir go mbeadh siad ar an eolas freisin go bhféadfadh tuilleadh próiseála a dhéanamh ar fhaisnéis a fuarthas trí fhianáin agus trí theicneolaíochtaí rianúcháin eile, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla agus faisnéis gairis, sonraí pearsanta a chiallú agus go bhfuil a bpróiseáil faoi réir an GDPR.

Anailísíocht

Baintear úsáid as fianáin anailísíochta le tomhas a dhéanamh ar an mbealach ina mbaineann úsáideoirí úsáid as láithreán gréasáin, mar shampla, cé chomh fada is a chaitheann siad ar gach láithreán, an bealach a ndéanann siad nascleanúint ar láithreán gréasáin agus an t-ábhar ina mbíonn siad rannpháirteach ann agus an t-achar a chaith siad ar an láithreán. Baintear úsáid astu freisin le hidirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí agus leis na hatchuairteanna ar láithreán a thomhas. Ní bhaineann ach rialaitheoir an láithreán gréasáin amháin nó próiseálaí atá ag feidhmiú thar a cheann úsáid as anailísíocht 'céad pháirtí', mar a thugtar air, leis an rannpháirtíocht seo a thomhas. Baineann páirtithe eile seachas rialaitheoir úsáid as fianáin anailísíochta tríú páirtí.

Baineann na láithreáin go léir a scrúdaíodh feidhm as fianáin anailísíochta, lena bhformhór ag úsáid anailísíocht céad agus tríú páirtí. Is iad fianáin anailísíochta Google na fianáin is mó a bhí in úsáid.

Gan amhras, tugadh an chuid ba mhó den rianú tríú páirtí ba dhéine faoi deara ar láithreán gréasáin na bpríomhfhoilsitheoirí meáin, agus bí a bhformhór fite fuaite in ábhar físe agus fuaime chomh maith le rianairí meáin shóisialta do chríocha teicneolaíochta fógraíochta.

Picteilíní agus rianairí eile

Is minic go mbíonn picteilíní, ar a dtugtar spéicéir gréasáin nó clibeanna picteilín neadaithe go minic, i láithreáin gréasáin nó i ríomhphoist ar mhaithe le monatóireacht nó rianú a dhéanamh ar ghníomhartha an úsáideora. Is minic go dtagann siad seo i bhfoirm phicteilín aonair, soiléir agus ní bhíonn siad le feiceáil ag an tsúil. Is féidir iad a úsáid, mar shampla, lena insint cén uair a osclaíonn úsáideoir ríomhphost nó nuair a chliceálann úsáideoir ar ábhar laistigh de ríomhphost agus d'fhéadfadh rialaitheoirí úsáid a bhaint astu le rannpháirtíocht úsáideora lena n-ábhar a thomhas agus chun cuidiú leo le hábhar pearsanta a sheachadadh.

Má tá líonra sóisialta ar nós Facebook logáilte isteach ar a gcuntas nuair a thugann siad cuairt ar láithreán le picteilín Facebook, tá Facebook in ann a n-iompar brabhsála ar an láithreán sin a cheangal le sonraí pearsanta atá á phróiseáil aige maidir leis an úsáideoir sin. Is féidir le rialaitheoir an láithreáin ghréasáin, dá réir sin, úsáid a bhaint as an fhaisnéis seo ar bhonn comhiomlán chun fógraí a chur ar Facebook bunaithe ar ábhar spéise nó ar ábhair spéise intuigthe a gcuid úsáideoirí féin.

Cé gur iarradh ar na rialaitheoirí go léir na fianáin go léir a raibh siad ag baint feidhme astu ar a gcuid láithreán gréasáin a liostú, lena n-áirítear, sócmhainní agus breiseáin tríú páirtí, níor dheimhnik ach líon beag de na rialaitheoirí go raibh úsáid á bhaint acu as picteilíní ar a láithreáin ghréasáin agus ina ionad sin níor liostaigh siad ach fianáin http amháin.

Mar gheall nach rabhthas in ann féachaint ar na gairis rianaithe seo ar an ngnáthbhealach le linn an staidéir deisce, ní féidir leis na himscrúdaitheoirí a bheith cinnte maidir le cá mhéad de na láithreáin a raibh clibeanna picteilín nó rianairí eile orthu nach féidir a ghlanadh ar an ngnáthbhealach chomh maith le fianáin (brabhsálaí) http. Mar sin féin, chuir Facebook a bhreiseáin féin ar fáil do bhrabhsálaí Chrome chun cuidiú le lucht forbartha ó thaobh fadhbanna a réiteach agus iad ag feidhmiú picteilín ar láithreáin ghréasáin. Bhí sé indéanta agus an uirlis seo á húsáid, ([Cuiditheoir Picteilín Facebook](#)) a fheiceáil go raibh picteilín Facebook ag feidhmiú ar roinnt de na láithreáin a scrúdaíodh.

Cnaipí sóisialta agus breiseáin tríú páirtí

Stóráilann agus déanann uirlisí ar a dtugtar breiseáin fianáin ar threalamh teirminéalach an úsáid a rochtain, chun deis a thabhairt, mar shampla do láithreáin líonraithe sóisialta lena gcuid comhaltaí a aithint nuair a bhíonn siad ag idirghníomhú le láithreán gréasáin nó ag comhroinnt ábhar atá ar láithreán gréasáin. Mar sin féin, nuair a ligtear d'fhianáin a bhaineann leis an mbreiseán seo 'titim' isteach ar ríomhaire nó ar ghaires nuair a thugann an t-úsáideoir cuairt ar láithreán gréasáin, tá ar a gcumas úsáideoirí agus daoine nach mbaineann úsáid as na láithreáin líonraithe sóisialta seo a rianú ar fud a nósanna brabhsála ar líne.

De ghnáth, tá breiseáin den sórt sin aitheanta mar chnaipí 'is maith liom', cnaipí lean, nó uirlisí comhroinnte meáin shóisialta eile atá infheicthe mar íocón brandáilte ar leathanach gréasáin – is dócha gurbh é cnaipe 'is maith liom' Facebook an ceann is so-aitheanta acu seo.

Bhí feidhm á bhaint ag tríocha a ceathair de na 38 rialaitheoir a scrúdaíodh as breiseáin tríú páirtí ar a láithreáin ghréasáin. Is iad na príomhbhreiseáin atá in úsáid ná, Facebook, Twitter, Instagram agus LinkedIn, agus tá líon beag ann freisin a bhaineann úsáid as giurléid TripAdvisor atá nasctha lena n-athbhreithniúcháin TripAdvisor. Bhí cnaipí sóisialta ag beirt rialaitheoir do Google +.

Rinneadh Google + a dhímholadh in Aibreán 2019 agus mar sin, níl na huirlisí seo i bhfeidhm níos mó. (Is cosúil go bhfuair na rialaitheoirí réidh leis na cnaipí G+ ó d'fhreagair siad scuab-shuirbhé an DPC.

Príomhúdair imní

Is iad seo a leanas na saincheisteanna is mó a sheasann amach san anailís ar na freagraí agus inár scrúdú deisce ar na láithreáin ghréasáin a bhí i gceist:

- Fuarthas amach go raibh boscaí réamhthiceáilte ag deichniúr (26%) de na rialaitheoirí a d'fhreagair chun comhartha a thabhairt maidir le toiliú fianáin, lena n-áirítear fianáin mhargaíochta, fógraíochta agus anailísíochta.

- Úsáid á bhaint as toiliú intuigthe le fianáin a shocrú, lena n-áirítear, fianáin rianaithe, margaíochta agus anailísíochta a bhí forleathan i roinnt cásanna.
- Dúirt aon trian de na rialaitheoirí a scrúdaíodh go sonrath go raibh siad ag brath ar thoiliú intuigthe agus/nó ar úsáid fianán rialaithe úsáideora trína socrúcháin bhrabhsála. Tá meirgí fianán a luann go nglacfaidh an rialaitheoir leis go bhfuil úsáideoir sásta le húsáid fianán, trí leanúint leis an láithreán a úsáid, forleathan.
- Bhí neamhábalacht toiliú a athrú nó a tharraingt siar coitianta freisin. Sa chás meirge fianán a bheith curtha i láthair agus na socrúcháin roghnaithe, nó go bhfuil glacadh le fianáin, is minic nach mbíonn aon fheidhmiúlacht infheicthe ar chomhéadan láithreáin an úsáideora le socrúcháin toilithe fianán a athrú ag tráth níos deireanaí. Tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt rialaitheoirí ag úsáid fianán seasmhacha le riocht toilithe a léamh ar feadh tréimhse socraithe ama agus go bhfuil sé dodhéanta iad seo a ghlanadh trí mhodhanna intuigthe toilithe laistigh de na socrúcháin brabhsálaí.
- Bhí fianáin a aithníodh mar a bheith ‘riachtanach’ nó ‘riachtanach i ndáiríre’ thar a bheith coitianta freisin agus é soiléir nach raibh siad ag baint tairbhe a ceachtar den dá díolúine toilithe atá thar a bheith teoranta a ndéantar foráil dóibh i Rialachán 5(5).
- Meirgí fianán le droch-dhearadh agus faisnéis ar bheagán fiúntais maidir le fianáin agus le cuspóirí na bhfianán seo, cuachadh toilithe do na cuspóirí go léir, easpa soiléireachta maidir leis an mbealach inar féidir le húsáideoir a dtoiliú a tharraingt siar nó a athrú ag tráth níos deireanaí.
- Easpa tuisceana ar chríocha reachtaíochta maidir le fianáin, atá le haghaidh réimse príobháideachas úsáideoirí agus iad i mbun cumarsáide a chosaint.
- Mearbhall maidir le Rialacháin Ríomhphríobháideachas 2011 agus an Rialachán Príobháideachas nua atá beartaithe agus nach bhfuil comhaontaithe agus a bhfuil cosúlacht mhór ann nach gcomhaontófar é sa ghearrthéarma.
- Rinne líon rialaitheoirí tagairt don úsáid a bhaineann siad as fianáin agus a gcomhpháirtíochtaí le tríú páirtithe mar a bheith bunúsach ó thaobh a n-ábaltacht leanúint lena gcuid seirbhísí a chur ar fáil saor in aisce d’úsáideoirí. Cé go bhféadfadh sé gur amhlaidh atá an cás, nuair a bhíonn baint ag comhpháirtíochtaí den sórt sin le fianáin agus/nó le próiseáil sonraí pearsanta, tá an próiseas faoi réir an réimis Ríomhphríobháideachais agus/nó an GDPR, de réir mar is cuí agus táthar ag súil go mbeidh rialaitheoirí ag comhlíonadh na rialacha agus an reachtaíocht infheidhme go léir. Tá tuairimí difriúla i measc DPAnna eile maidir le cibé rochtain úsáideora chuig láithreán gréasáin a bhlocáil ar an mbonn nach bhfuil úsáideoir nár thoiligh le húsáid fianán comhlíontach. Táimid den tuairim nár chóir go mbeadh úsáideoirí thíos leis má dhiúltaíonn siad fianáin nó teicneolaíochtaí rianúcháin eile seachas go bhféadfadh tionchar a bheith ag an diúltú sin ar fheidhmiúlacht áirithe ar na láithreáin ghréasáin a bhí i gceist.

- Léirigh roinnt rialaitheoirí go raibh siad i mbun staidéir ar impleachtaí bhreithiúnas [Fashion ID](#) Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mhí Iúil 2019 mar gur bhain sé le saincheistanna comhrialaitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann. Níor thóg líon rialaitheoirí an breithiúnas seo san áireamh ina gcuid freagraí nó ina gcuid cleachtas, áfach, agus bhí an chosúlacht air gur chreid siad nach raibh aon fhreagracht orthu as fianáin tríú páir nó as rianú ar a chuid láithreán gréasán.
(Rinneadh soiléir sa bhreithiúnas gur féidir oibritheoir láithreán gréasáin a neadaíonn breiseáin sóisialta (ar nós cnaipí 'is maith liom' nó uirlis comhroinnte sóisialta) a bhíonn mar chúis le go n-éilíonn brabhsálaí an úsáideora ábhar ó sholáthróir an bhreiseáin, agus chuige sin, go ndéantar sonraí pearsanta an chuariteora a tharchur chuig soláthróir an bhreiseáin, a bhreithniú mar rialaitheoir.
- Liostaigh rialaitheoir amháin cuspóir fianáin amháin Google Analytics a bheith á úsáid "chun cuimsiú an úsáideora i dtríail agus dul in éag trialacha a raibh an t-úsáideoir san áireamh iontu a chinneadh". Socraítear an fianán seo sula dtugann úsáideoir a thoiliú/a toiliú.
- Bhain láithreán gréasáin taistil amháin feidhm as fianán le tréimhse saoil dhá bhliain le brabhsálaí agus gaireas úsáideora a aithint go huathúil chun críocha pleanálaí turais a thaispeáint. Bhí an fianán seo socraithe gan toiliú nuair a chuaigh an t-úsáideoir isteach ar an láithreán. Cé go bhféadfadh feidhmiúlacht den sórt seo a bheith úsáideach do roinnt úsáideoirí, nó gur mhian le roinnt úsáideoirí a leithéid a bheith acu, níl na fianáin seo riachtanach i ndáiríre agus tá toiliú riachtanach. Ba chóir go mbeidh achar oibríochta an toilithe sin chun cuimhneamh ar an úsáideoir chun críocha pleanála turais, a bheith soiléir don úsáideoir freisin nuair a thugann siad toiliú.
- Bhí rialaitheoir amháin in earnáil na foilsitheoireachta ag socrú fianáin anailísíochta agus gan an t-úsáideoir ach ag scrollú ar an leathanach lamairne. Shocraigh an rialaitheoir, fianán aitheanta uathúil úsáideora freisin le tréimhse saoil 10 mbliana. Níl sé réasúnach a bhreithniú gur thug úsáideoir a thoiliú/a toiliú díreach mar gheall gur bhog siad an luchóg thart timpeall an scáileáin. Bhí uirlis bhainistíochta toilithe ag an rialaitheoir seo freisin a raibh an chuma air nach raibh sé ag obair agus ina raibh boscaí réamhthiceáilte ann d'fhianáin fhógraíochta.
- Dheimhnigh foilsitheoir eile go gcomhcheanglaíonn sé/sí mionsonraí cláraithe duine le fianáin anailísíochta leis na leathanaigh a léigh siad ar an láithreán a aithint. Tá próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis sin ar bhealach a thugann deis le próifíliú a dhéanamh ar dhaoine aonair. Tá toiliú riachtanach le haghaidh aon fhianán a éascaíonn próifíliú den sórt sin nó sonraí a bhaintear as fianáin a éascaíonn próifíliú den sórt sin. Chomh maith leis sin, tá measúnú tionchair

cosanta sonraí ag teastáil ó thaobh próiseála den sórt sin nuair a chuireann ceangal tacar sonraí go suntasach le, nó má úsáidtear é le haghaidh próifíliú nó le hanailís a dhéanamh ar iompar daoine aonair. Tá na himthosca ina bhfuil DPIA éigeantach foilsithe ag an DPC ar a [láithreán](#).

- Bhí fianáin á socrú ag údarás poiblí gan toiliú agus bhí boscaí reamhthiceáilte aige ar a láithreán gréasáin. Áiríodh sna fianáin a rabhthas ag baint feidhme astu, fianán YouTube a chuir ID uathúil ar ghairesas soghluaiste le suíomh GPS a rianú.
- Bhain árachóir sláinte amháin feidhm as fianáin Google Analytics tríú páirtí lena chinneadh a raibh an cuairteoir “bainteach lena dtrialacha margaíochta. Bhí rianaire picteilín Google ag “rianú cuairteoirí ar fud gairis agus cainéil mhargaíochta” freisin. Ag glacadh leis go raibh fianán Facebook le tairiscintí fíor-ama a sheachadadh d’fhógraí ó lucht fógraíochta socraithe ar an láithreán gréasáin seo freisin, tá an chosúlacht air go bhfuiltear ag díriú ar úsáideoirí bunaithe ar an méid atá á lorg acu, lena n-áirítear, faisnéis sláinte. Tá an dóchúlacht ann go bhfuil na láithreáin ghréasáin agus tríú páirtithe ag próiseáil sonraí catagóir speisialta de bhun cuardach a dhéanann úsáideoir nó idirghníomhaíochtaí eile le láithreáin ghréasáin sláinte a bhfuil rianairí neadaithe iontu, ard. Sa chás go bhfuil faisnéis phearsanta atá i bhfianáin á próiseáil ag rialaitheoirí, nó faisnéis a bhaintear as fianáin, lena n-áirítear, sa chás sonraí a bheith ceangailte le próifílí soiléir nó le logáil isteach, ní féidir próiseáil a dhéanamh ar shonraí catagóir speisialta ach amháin le toiliú **soiléir** an úsáideora.
- Dúirt miondíoltóir mór amháin go bhféadfadh sé go bhfuil sonraí a bhailítear trí fhianáin sa bhrabhsálaí nó trí ghairis eile a cheangal aige le sonraí eile atá á mbailiú aige, ar nós ceannach ar an láthair agus sonraí cláraithe cárta dílseachta.

Na samplaí ab fhearr agus na samplaí ba mheasa

Ar bhonn ár dtorthaí ar an scuab-shuirbhé seo, bhí an chosúlacht air gurbh í earnáil na mbialann agus ordaithe bia a bhí ar an earnáil ba mheasa i dtéarmaí droch-chleachtais agus, go háirithe, ar bheagán tuisceana maidir leis na Rialacháin Ríomhphríobháideachais agus na cuspóirí atá leo.

D’fhéadfadh sé nach de thaisme a bhí líon de na rialaitheoirí ag úsáid na haípe agus na tairisí ordaithe céanna. Ní raibh an fhoireann imscrúdaithe ar an eolas maidir leis sin nuair a chuir siad tús leis an scuab-shuirbhé.

Tugann ár measúnú le fios gur rialaitheoir sonraí ina cheart féin/ina ceart féin agus comhrialaitheoir a bhí sa tríú páirtí seo leis na láithreáin ghréasáin bialainne maidir le sonraí pearsanta a próiseáladh trína chórais ordaithe. Mar sin féin, bhí úinéirí an láithreáin ghréasáin ar an tuiscint (gnólachtaí réasúnta beag a bhí i roinnt acu) gur

rialaitheoir aonair a bhí sa láithreán gréasáin ordaithe tríú páirtí ó thaobh a láithreán gréasáin de, mar gur thug siad uathu an bhainistíocht ar a gcuid láithreán gréasáin i scríbhinn don chomhlacht sin.

Déantar cur síos ar an gcomhlacht seo mar phróiseálaí sonraí i líon beartas príobháideachais a scrúdaíodh le linn na scuab-shuirbhé seo.

Maíonn an eagraíocht na céadta custaiméir in earnáil na mbialann in Éirinn amháin agus na céadta eile ar fud na scórtha tíortha. Tá roinnt gearáin faighte ag an DPC maidir le cleachtais an rialaitheora seo, sé sin fianáin a shocrú agus sonraí pearsanta a choinneáil a chuireann daoine faoi bhráid agus iad ag úsáid na tairsí le bia a ordú. Tá sé i gceist againn tuilleadh teagmhála a dhéanamh leis an rialaitheoir seo.

Dea-chleachtais, droch-chleachtais

Is sampla atá anseo de dhroch-mheirge fianán:

“Baineann na láithreán gréasáin seo úsáid as fianáin lena chinntiú go bhfuil an taithí is fearr is féidir á fháil agat ar a láithreán gréasáin. (Faigh tuilleadh eolais)...Tá sé agam!”

This website uses cookies to ensure you get the best experience on our website. [Learn more](#)

Got it!

Is sampla atá anseo de mheirge fianán atá níos fearr. Mar sin féin, cuirtear béim i gcónaí ar an gcaipé ‘glac le socrúcháin fianáin’ seachas ar an fheidhm a thugann an t-úsáideoir chuig faisnéis atá níos srathaithe maidir le húsáid fianán. Go ginearálta, is dea-chleachtas atá san fhaisnéis shrathaithe a thugann an deis d’úsáideoirí a dtoilíú a thabhairt i leith fianáin nó fianáin a dhiúltú, ach níor chóir béim a bheith ar an gcaipé ‘glac’ seachas ar an rogha le socrúcháin fianáin a athrú nó iad a dhiúltú. Ba chóir go mbeadh an tsuntasacht chéanna á thabhairt do na roghanna.

“Bainimid úsáid as fianáin leis an taithí is fearr is féidir a chur ar fáil ar ár láithreán gréasáin, lena n-áirítear, gnéithe meáin shóisialta le hanailís a dhéanamh ar thrácht. Trí chliceáil ar ghlacadh, comhaontaíonn tú ár gcuid fianáin a úsáid. Chun na cineálacha seo fianáin a athrú bainimid úsáid as cliceáil ‘Socrúcháin Fianán’.”

We use cookies for the best experience on our website, including social media features and to analyse traffic. For more information see our [Cookie Policy](#). By clicking accept you agree to our use of cookies. To alter the types of cookies we use click "Cookie Settings" [GAA Cookie Policy](#)

Cookie Settings >

✓ Accept Cookie Settings

Conclúidí agus moltaí

Cé nár díriodh ach ar líon beag rialaitheoirí le páirt a ghlacadh sa scuab-shuirbhé seo, tugann an scrúdú a rinneadh ar 38 láithreán gréasáin le fios go bhfuil úsáideoirí láithreáin gréasáin na hÉireann á rianú ag tríú páirtithe, agus rianú atá suntasach go maith atá i gceist anseo, ar fud a nósanna brabhsála agus a ngníomhaíochtaí laethúla ar líne.

Mar gheall ar easpa bhunfhaisnéise fiú nó an cumas toiliú gan débhrí a thabhairt maidir le socrú teicneolaíochtaí rianúcháin nó fianáin ar a gcuid gaireas, ní bheidh formhór na ngnáthúsáideoirí ar an eolas maidir le méid an rianaithe a d'fhéadfaí a bheith á dhéanamh ar fud a gcuid gaireas sa bhaile agus ar fud a mbrabhsálaí, a gcuid nósanna léitheoireachta agus sóisialta.

Cé go bhféadfadh sé nach bhfuil siad á rianú de réir ainm, ciallaíonn an cumas iad a rianú trí bhealaí aitheantóirí uathúla atá socraithe trí fhianáin nó trí theicneolaíochtaí eile, go bhfuiltear ag díriú orthu mar dhaoine aonair agus tá díriú agus/nó próifíliú den sórt sin (tar éis an phointe a shocraítear an fianán) faoi réir an GDPR sa chás go bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith i gceist leis.

Chomh maith leis sin, tá sé soiléir go bhféadfadh láithreáin ghréasáin a bhfuil árachas sláinte a sholáthar acu – de thaisme nó seachas sin – a bheith ag comhroinnt sonraí catagóir speisialta le tríú páirtithe sa tionscal teicneolaíochta fógraíochta.

Fuarthas amach in imscrúdú a rinne an *Financial Times* sa Ríocht Aontaithe i mí na Samhna 2019 go raibh roinnt de na láithreáin ghréasáin sa Ríocht Aontaithe is mó a bhfuil tóir orthu ag comhroinnt sonraí catagóir speisialta, lena n-áirítear, siomptóim leighis, ainmneach drugaí agus faisnéis mhíosta agus torthúlachta leis na scórtha cuideachta, lena n-áirítear Google, Amazon, Facebook agus Oracle, chomh maith le bróicéirí sonraí nach bhfuil an oiread sin aithne orthu agus comhlachtaí teicneolaíochtaí fógraíochta.^v

Dheimhnigh an ICO don *Financial Times* a gcuid údar imní maidir le próiseáil sonraí catagóir speisialta nó sonraí catagóir speisialta i bhfógraíocht ar líne, chomh maith le “chomh maith leis an ról atá á imirt ag úinéirí láithreáin agus ag foilsitheoirí san éiceachóras seo”.

Is díol suntas go mbaineann ceann amháin ar a laghad de na láithreáin ghréasáin árachais sláinte a scrúdaíodh sa scuab-shuirbhé seo úsáid as fianáin tríú páirtí ó Hotjar le hiompar úsáideora ar an láithreán a rianú. De réir cosúlachta, is ar mhaithe le faisnéis a chur ar fáil maidir leis an mbealach ina ndéanann daoine nascleanúint ar an láithreán agus ar an roghchlár atá sé seo á dhéanamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh Hotjar a bheith ag tógáil píosa scannánaíochta freisin maidir leis an mbealach go díreach a ndéanann

úsáideoir an láithreán a nascleanúint, lena n-áirítear, mionsonraí an téacs atá curtha sna boscaí agus sna réimsí maidir le cuardach.

Bhí an fhoireann imscrúdaithe den tuairim, bunaithe ar an fhaisnéis a chuir na rialaitheoirí seo ar fáil, agus bunaithe ar an scrúdú a rinneadh ar a gcuid láithreán agus ar na fianáin a bhí á socrú, go bhféadfadh leibhéal den chineál céanna maidir le comhroinnt sonraí pearsanta a bheith ag tarlú trí láithreáin ghréasáin na hÉireann.

Beidh ar na rialaitheoirí siúd atá ag baint úsáid as boscaí réamhthiceáilte gníomhú go tapa le leasú a dhéanamh ar a gcuid comhéadan, a bhfuil sé soiléir nach bhfuil siad ag comhlíonadh dlí an AE. Beidh tuilleadh rannpháirtíochta leis na rialaitheoirí seo riachtanach ar mhaithe leis na saincheisteanna seo a chur ar na súile dóibh.

Breithneoidh an DPC rannpháirtíocht leanúnach agus ad hoc freisin le rialaitheoirí eile ina bhfuil sé soiléir go bhfuil saincheisteanna maidir le Ríomhphríobháideachas/fianáin ann.

Tugann an fhíric go bhfuil droch-chleachtais forleathan fiú i measc comhlachtaí agus rialaitheoirí a bhfuil aithne mhór orthu le fios go bhfuil gá tabhairt faoi shaincheist atá níos córasaí, le treoir nua a fhoilsiú ar dtús, le gníomh forfheidhmithe féideartha ina dhiaidh sa chás go dteipeann ar rialaitheoir comhlíontacht a leanúint.

Rinne líon rialaitheoirí atá níos mó tagairt ina gcuid freagraí d'idirbheartaíocht leanúnach ag leibhéal AE maidir leis an moladh do Rialachán Ríomhphríobháideachais nua atá ag teacht in áit Treoir 2002/58/CE. Bhí roinnt tagairtí ann do rialaitheoirí ar mian leo a gcuid láithreán gréasáin a “dhéanamh seasmhach don todhchaí” trí ghlacadh le roinnt de na ceanglais nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhéadfadh a bheith mar ghné i reachtaíocht den sórt sin.

Ní mór go mbeidh sé soiléir do rialaitheoirí go bhfuiltear ag súil go mbeidh an réimeas reatha á chomhlíonadh acu, go dtí go mbeidh an moladh maidir leis an rialachán nua comhaontaithe ag leibhéal AE.

Rachaidh na céimeanna dearfacha go léir i dtreo na Rialacháin Ríomhphríobháideacha a chomhlíonadh chun leasa ar deireadh thiar do na hábhair sonraí go léir a bhaineann úsáid as na láithreáin ghréasáin agus as na haipeanna seo. Mar sin féin, ní féidir aghaidh a thabhairt ar an mbunphróiseáil sonraí atá cumasaithe ag fianáin agus ag teicneolaíochtaí rianúcháin eile mar chuid de scrúdú atá i bhfad níos leithne ar an tionscal fógraíochta teicneolaíochta agus ar éiceachórais.

D'fhoilsigh an DPC treoir nua do rialaitheoirí inniu agus ceadóidh tréimhse ama sé mhí do chomhlíontacht, agus ina dhiaidh sin breithneofar gníomh suas go dtí agus lena n-áirítear gníomh forfheidhmithe.

Cuirfidh treoir nua an DPC agus comhfhreagras leantach leis na rialaitheoirí a ghlac páirt sa scuab-shuirbhé béim ar na saincheisteanna seo a leanas:

- Ní mór do rialaitheoirí fáil réidh le haon bhoscaí réamhthiceáilte a bhaineann le socrúchán fianáin.
- Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go mbíonn a meirgí fianán deartha ar bhealach nach gcuireann siad ‘brú’ ar úsáideoirí glacadh le fianáin. Ní mór go mbeidh an bhéim chéanna curtha ar gach aon mheirge ar chomhéadan an úsáideora.
- Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú nach mbíonn fianáin nach bhfuil riachtanach/fianáin nach bhfuil díolmhaithe socraithe ar an leathanach lamairne.
- Ní mór do rialaitheoirí na fianáin go léir atá catagóirithe acu mar ‘riachtanach’ nó ‘riachtanach i ndáiríre’ a scrúdú le cinneadh a dhéanamh maidir le cibé a bhfreastalaíonn siad i ndáiríre ar na coinníollacha diana do cheachtar den dá dhíolúine atá leagtha amach i Rialacháin 5(5).
- Tá tuairim 4/2012 na Meithle Oibre Airteagal 29 ar dhíolúine toilithe fianán bailí i gcónaí agus ba chóir do rialaitheoirí staidéar a dhéanamh air. Ba chóir do rialaitheoirí tuairim Airteagal 29 a thabhairt ar aird go háirithe, go dtagann an riosca do chosaint sonraí ó chríoch/críocha próiseála seachas ón fhaisnéis atá laistigh den fhianán.
- Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go bhfuiltear ag fáil toiliú don chríoch dá bhfuil na fianáin socraithe. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil sé riachtanach toiliú a fháil go haonar do gach fianán, ach díreach don chríoch a bhfuil an fianán á úsáid ina leith. Ní féidir toiliú a chuachadh, m.sh. cur chuige “an t-iomlán nó dada” i leith glacadh le fianáin nó le fianáin a dhiúltú. Ní mór go mbeidh ar chumas úsáideoirí fianáin nach bhfuil riachtanach a dhiúltú agus ní mór go mbeidh sé ar a gcumas a dtoiliú a athrú go héasca tríd an láithreán gréasáin ag tráth ar bith.
- Tá toiliú riachtanach le haghaidh fianáin anailísíochta, fianáin spriocdhírthe agus fianáin mhargaíochta. Mar sin féin, meastar gur riosca íseal atá ag gabháil le fianáin anailísíochta agus dá bhrí sin ní dóigh go mbeadh siad mar thosaíocht don DPC d’aon ghníomh foirmiúil.
- Má tá fianán ‘riachtanach i ndáiríre’ ní mór do thréimhse saoil an fhianáin a bheith comhréireach. Luann Meitheal Oibre Airteagal 29 04/2012 ar an Díolúine maidir le Toiliú Fianán nach mór go mbeidh tréimhse saoil ag fianán atá díolmhaithe ó thoiliú a bhaineann go díreach leis an gcuspóir dá bhfuil sé á úsáid agus ní mór go mbeidh na fianáin socraithe le dul in éag nuair nach mbíonn siad riachtanach níos mó, ag tógáil san áireamh ionchais réasúnacha an ghnáthléitheoir nó an ghnáthranpháirtí. “Tugann sé sin le fios gur dóigh gurbh iad na fianáin a mheaitseálann (an critéar díolúine maidir le toiliú) ná

na fianáin atá socraithe le dul in éag nuair a thagann deireadh leis an seisiún brabhsála nó fiú níos túisce.

- Ní mór go mbeidh beartais phríobháideachais agus beartais fianáin infheicthe agus ar fáil don úsáideoir i gcónaí gan a bheith orthu toiliú a thabhairt i leith fianáin nó fáil réidh le meirge fianáin. Níor chóir go mbeadh fianáin nach bhfuil riachtanach socraithe sula gliceálann an t-úsáideoir ar an fhaisnéis maidir le fianáin agus sa chás nasc ar bheartas fianáin a bheith curtha i láthair i mír aníos nó i meirge fianán, níor chóir go ndéanadh an meirge an téacs atá sa bheartas dothuigthe.
- Ní mór go mbeidh ar chumas úsáideoirí toiliú a tharraingt siar i gcónaí nó ceadanna i leith fianáin nó gairis rianaithe eile a athrú. Ní mór go mbeidh sé chomh héasca céanna toiliú a tharraing siar is atá sé toiliú a thabhairt.
- Ní mór go mbeidh beartais phríobháideachais agus beartais fianáin cruinn agus coinnithe suas chun dáta. Tá úsáid seirbhís teimpléid le beartais phríobháideachais nó beartais fianáin a chruthú gan tairbhe agus is cleachtas ar mhaithe leis an tsúil amháin atá ann. Ar an gcaoi chéanna, ní mór do rialaitheoirí a bhfuil go leor láithreáin ghréasáin acu a chinntiú go bhfuil a mbeartas príobháideachais féin ag gach aon cheann acu a léiríonn an fhírinne atá taobh thiar den phróiseáil.
- Ní mór do rialaitheoirí saincheisteanna féideartha comhrialaitheoirí a eascraíonn ó úsáid sócmhainní agus breiseáin tríú páirtí a scrúdú. Sa chás go bhfuil sé riachtanach, ní mór dóibh conarthaí rialaitheora-próiseálaí a chur i bhfeidhm agus ní mór dóibh sin fíor-fhíricí na próiseála a léiriú.
- Ní mór do rialaitheoirí a bheith ar an eolas go bhfuil gá le toiliú d'fhianáin nach bhfuil riachtanach cibé an bhfuil nó nach bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil. Ní aithnítear Faisnéis Inaitheanta Phearsanta (PII) mar choincheap i ndlí an AE.
- Ní mór go gcuirfidh comhéadan úsáideora rogha shoiléir san áireamh d'úsáideoirí lena socrúcháin fianáin a athrú ag tráth ar bith, lena n-áirítear, sa chás go mbeidh láithreáin ghréasáin ag úsáid fianán seasta le "riocht toilithe" an úsáideora a stóráil thar thréimhse ama. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach, mar shampla, trí uirlis socrúcháin nó cnaipe raidió mar a thugtar air.
- Molann an DPC go scrúdóidh úsáideoirí na boscaí réamhthiceáilte agus barraí sleamhnáin a mbaineann siad úsáid astu le comhartha a thabhairt maidir le toiliú fianáin. Ní mór go mbeidh sé thar a bheith soiléir cén socrúchán atá ar ANN agus cén socrúchán atá ar AS agus an bealach le GLACADH le fianáin nó fianáin a DHIÚLTÚ. D'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh comhéadan úsáideora le barraí sleamhnáin atá socraithe ar dhearg nó ar uaine, nó ar dhathanna eile, soiléireacht leordhóthanach ar fáil agus

d'fhéadfadh sé go mbeadh saincheisteanna inrochtaineachta ann d'úsáideoirí le laigí amhairc áirithe mar thoradh air.

- D'fhéadfadh sé go mbeadh gaireas le teicneolaíochtaí méarlorgaireachta á úsáid ag roinnt rialaitheoirí nach rabhthas in ann scrúdú a dhéanamh orthu le linn an chleachtais seo. Sa mhéid go mbaineann aon rialaitheoir úsáid as teicneolaíochtaí den sórt sin, ní mór dóibh a bheith ar an eolas go bhfuil Airteagal 5(3) den Treoir Ríomhphríobháideachais (agus dá réir sin Rialachán 5(3) den Treoir Ríomhphríobháideachais 2011) infheidhme. Ba chóir staidéar a dhéanamh ar [Thuairim 9/2014 de Chosaint Sonraí Pháirtí Oibre Airteagal 29](#) maidir le Treoir 2002/58/CE a fheidhmiú ar ghaireas méarlorgaireacht maidir leis sin.
- Ní mór do rialaitheoirí a bheith ar an eolas nach gcinnteoidh úsáid bainistithe tairseach toilithe ann féin comhlíonadh na reachtaíochta ann féin. Ní mór do rialaitheoirí a chinntiú nuair atá feidhm á bhaint as uirlisí den sórt sin, go n-oibríonn siad ar an mbealach ina bhfuil sé i gceist go n-oibreodh siad, agus go ndéanann na huirlisí agus na cnaipí ar chomhéadan an úsáideora an méid atá á mhaíomh acu. Má thiceálann úsáideoirí nó má dhíthiceálann siad ar roghanna, ní mór meas a léiriú ar na roghanna sin agus iad a thaifeadadh mar is cuí.
- Ní mór do rialaitheoirí a bheith ar an eolas go bhfuil próiseáil sonraí a tharlaíonn tar éis fianáin a shocrú, go háirithe sa chás go mbaineann sé le haon sonraí eile a chur leis nó é a mheaitseáil le próifíl nó le haitheantóir soiléir, go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis sin. Tá an phróiseáil seo faoi réir fhorálacha an GDPR, lena n-áirítear, forálacha a bhaineann le cearta an ábhair sonraí.
- Tháinig an DPC trasna ar shamplaí le linn na scuab-shuirbhé seo, agus tháinig an DPC trasna ar thuilleadh samplaí ó shin de shocrúcháin CMP le fianáin neamhdhíolmhaithe a bhí socraithe trí réamhshocrú gan meas a léiriú ar rogha an úsáideora glacadh le fianáin nó na fianáin seo a dhiúltú trí dhíthiceáil ar an mbosca. Tabharfar tosaíocht ó thaobh forfheidhmithe do shaincheisteanna den sórt sin.

Forfheidhmiú

Cé nár tugadh faoin scuab-shuirbhé ach ar líon beag rialaitheoirí, léirigh sé pictiúr soiléir maidir le húsáideoirí a bhí á rianú ag láithreáin ghréasáin atá lonnaithe in Éirinn.

Is dúshlán suntasach a bheidh i dtabhairt rialaitheoirí chun comhlíontachta leis na Rialacháin Ríomhphríobháideachais reatha, go háirithe mar gheall ar chineál ollmhór, domhanda na n-oibríochtaí próiseála atá mar bhunús leis an earnáil fógraíochta teicneolaíochta. Go ginearálta, tá rialaitheoirí ag cur in aghaidh athrú a chur ar chomhéadain úsáideora sa chás go bhfuil costas agus/nó thabhairt isteach achrainn sa

phróiseas deartha de réir mar a d'fhéadfadh siadsan a bheith ag féachaint air. D'ardaigh roinnt rialaitheoirí an fhéidearthacht ó thaobh 'tuirse maidir le toiliú' a bheith á spreagadh i measc úsáideoirí a bhfuil sé i ndán dóibh a gcuid socrúcháin a roghnú gach aon uair a thugann siad cuairt ar an láithreán gréasáin, le linn na scuab-shuirbhé agus go deimhin tá cothroime a bhaint amach idir soláthar faisnéise atá leordhóthanacha d'úsáideoirí agus an dearadh atá ar bheagán feiceálachta ó thaobh taithí úsáideora.

Tá an baol ann, fiú nuair a bhíonn na rialaitheoirí i mbun rannpháirtíochta go dearfach leis an DPC, go ndéanfaidh siad athruithe ar bheagán fiúntais ar a gcuid láithreán gréasáin gan aon trédhearcacht i ndáiríre do na hábhair sonraí maidir le conas atáthar ag próiseáil sonraí a bhaineann leo, nó gan aon bhealach i ndáiríre do na daoine is ábhar do na sonraí lena gcuid cearta faoin GDPR a fheidhmiú.

Mar sin féin, mar thús, breithneoidimid gur éacht suntasach a bheadh ann na 38 rialaitheoir agus rialaitheoirí eile a thabhairt chun comhlíontachta maidir le ceanglais toilithe agus le ceanglais trédhearcachta thart ar an úsáid a bhaineann siad as fianáin agus as teicneolaíochtaí rianúcháin eile.

Ní mór go gcuirfidh aon rannpháirtíocht eile le rialaitheoirí de bhun na scuab-shuirbhé seo béim ar a gcuid oibleagáidí cuimsitheacha faisnéis thrédhearcach maidir leis an bpróiseáil atá á dhéanamh acu ar shonraí a chur ar fáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta catagóir speisialta, faoin GDPR, sa chás go bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil acu atá ceangailte leis an úsáid a bhaineann siad as fianáin agus as teicneolaíochtaí rianúcháin eile.

Mar a thugtar ar aird thuas, bhí an chuma air go raibh rialaitheoir amháin ag comhcheangal sonraí go sonrach a baineadh as fianáin agus as rianairí le faisnéis cárta dílseachta, agus cheangail eagraíocht bhaincéireachta faisnéis a bhí curtha isteach ar fhoirmeacha iasachta le faisnéis a bhí bainte as fianáin. Ní mór go mbeidh ar chumas rialaitheoirí léiriú a dhéanamh ar an mbonn dleathach atá acu le haghaidh na próiseála go léir a dhéanann siad ar shonraí pearsanta, lena n-áirítear, sa chás go mbaintear na sonraí sin as fianáin agus as teicneolaíochtaí rianúcháin eile. Chomh maith leis sin, ní mór do rialaitheoirí faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil do na hábhair sonraí maidir le próiseáil den sórt sin, ag teacht lena gcuid oibleagáidí faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Sa chás go dteipeann ar rialaitheoirí athrú a dhéanamh go deonach ar a gcomhéadain úsáideora agus/nó ar a gcuid próiseála, tá roghanna forfheidhmithe ar fáil don DPC faoina Rialacháin Ríomhphríobháideachais agus faoin GDPR araon, agus déanfar, sa chás gur gá, na roghanna forfheidhmithe is cuí a scrúdú le rialaitheoirí a thabhairt chun comhlíontachta leis an dlí.

Áirítear ar uirlisí atá ar fáil dúinn faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, úsáid fiosruithe (le himscrúdú nó gan imscrúdú), cigireacht nó iniúchóireachtaí le scrúdú a dhéanamh ar gach gné den phróiseáil a dhéanann rialaitheoirí ar shonraí pearsanta. D'fhéadfadh sé gur rogha éifeachtach a bheadh anseo sa chás go mbreithneofaí gníomh breise a bheith riachtanach, mar shampla, maidir le láithreáin ghréasáin a bhaineann le hárachas sláinte nó láithreáin eile ina gceanglaíonn rialaitheoirí sonraí ó fhianáin le próifíl nó le haitheantóir soiléir.

San áireamh anseo tá scrúdú a dhéanamh ar chomhlíontacht an rialaitheora le hoibleagáidí comhlíontachta agus trédhearcachta, a gcuid oibleagáidí le taifead a choinneáil ar ghníomhaíochtaí próiseála, a gcuid oibleagáidí ginearálta maidir le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí faoin GDPR, a gcuid oibleagáidí slándála faoi Airteagal 32 den GDPR, agus a gcuid conarthaí rialaitheora/próiseálaí.

CRÍOCH

6 Aibreán 2020

larscríbhinn: litir chuig rialaitheoirí atá ag cur tús le scuab-shuirbhé an 15 Lúnasa 2019

15 Lúnasa 2019

Tag: Fógra do Scuab-Shuirbhé maidir le fianáin

A, Chara,

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag tabhairt faoi scrúdú ar úsáid fianán ar láithreáin ghréasáin roghnaithe agus tá _____ ar cheann de na láithreáin atá roghnaithe don scrúdú.

Is é atá mar chuspóir leis an scuab-shuirbhé seo faisnéis a éileamh chun deis a thabhairt dúinn scrúdú a dhéanamh ar an fheidhm a bhaineann rialaitheoirí as fianáin agus as teicneolaíochtaí den chineál céanna agus lena fháil amach an bhfuil an dlí á chomhlíonadh ag eagraíochtaí.

Chuige sin, agus de réir Airteagal 31 de Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, táimid ag scríobh chugat chun iarraidh ort comhoibriú leis an DPC agus a bheith rannpháirteach sa scuab-shuirbhé.

Tá sé mar chuspóir leis an dlí ar fhianáin rúndacht na cumarsáide a chosaint, atá faoi bharántas de réir ionstraimí idirnáisiúnta a bhaineann le cearta daonna, go háirithe an Coinbhinsiún Eorpacha chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

An 1 Iúil 2011 tháinig Ionstraim Reachtúil Uimh. 336 de 2011, Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2011 (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) (**“Rialacháin ríomhphríobháideachais”**) chun feidhme i ndlí na hÉireann. Tugtar breac-chuntas ar an reachtaíocht, lena n-áirítear, Rialacháin 5(3), 5(4) agus 5(5), in **Aguisín II**.

Tugann na Rialacháin Ríomhphríobháideachais éifeacht do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 arna leasú ag Treoir 2006/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 agus Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009.

Baineann na rialacha seo le cineálacha áirithe próiseála sonraí, lena n-áirítear, úsáid sonraí agus teicneolaíochtaí den chineál céanna agus tá siad á léamh anois leis an

Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Tabhair ar aird go bhfuil an caighdeán toilithe a éilíonn an GDPR níos airde ná mar a bhí an caighdeán faoin reachtaíocht cosanta sonraí roimhe seo agus éilítear gur gníomh soiléir, dearfach a bheidh sa toiliú atá tugtha faoi shaoirse, go sonrach, go feasach agus gan débhrí.

Táimid ag súil go mbeidh ar do chumas léiriú a thabhairt ar an ngníomh atá glactha ag d'eagraíocht chun na rialacha maidir le fianáin a chomhlíonadh, go háirithe i bhfianaise an chaighdeáin toilithe seo atá níos airde agus atá infheidhme faoin GDPR anois. Táimid ag súil freisin go dtabharfaidh tú léiriú ar an mbealach ina bhfuil d'eagraíocht ag comhlíonadh a cuid freagrachtaí faoi Airteagal 24 den GDPR, ina ndéantar foráil go bhfeidhmeoidh rialaitheoirí sonraí bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí lena chinntiú agus le bheith in ann a léiriú go bhfuil an phróiseáil á feidhmiú de réir an rialacháin sin.

Tá liosta ceisteanna curtha i gceangal agam in **Aguisín I** agus iarraimid ort na ceisteanna seo a fhreagairt ionas go mbeidh ar ár gcumas tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar chomhlíontacht d'eagraíocht.

Tá sé oscailte duit freisin faisnéis bhreise a chur ar fáil dúinn sa chás go gcreideann tú a leithéid a bheith ábhartha maidir le comhlíonadh an dlí ag d'eagraíocht.

Tá cóip de Threoir an DPC maidir le Fianáin agus le Teicneolaíochtaí den Chineál Céanna ceangailte agam mar eolas duit.

Tá sé mar aidhm ag an DPC a chinntiú go mbíonn an dlí á chomhlíonadh ag eagraíochtaí. Sna cásanna go ndiúltaíonn nó go dteipeann ar eagraíochtaí cloígh go deonach leis an dlí, tá cumhachtaí forfheidhmithe ar fáil don DPC.

Ba mhór agam freagra a fháil uait maidir leis an litir seo faoin Déardaoin, 26 Meán Fómhair 2019, trí ríomhphost chuig siu@dataprotection.ie más féidir.

An tAonad um Imscrúduithe Speisialta

AGUISÍN I

Cuir freagraí ar fáil ar na ceisteanna seo a leanas, le do thoil. Más cuí, cuir táblaí agus/nó mapaí próiseála san áireamh, le do thoil, ina dtugtar breac-chuntas ar thuras an chustaiméara agus ar na próisis bhainistíochta toilithe atá á n-úsáid maidir le fianáin ar do láithreán gréasáin.

Deimhnigh, le do thoil, ainm agus seoladh iomlán rialaitheoir sonraí an láithreáin ghréasáin _____. Deimhnigh cibé a mbaintear úsáid as fianáin ar an láithreán gréasáin seo.

1. Liostaigh, i dtábla sa chás gur gá, ainmneacha, cineálacha, feidhmeanna, slándáil, bunús agus tréimhsí saoil na bhfianán go léir a mbaintear feidhm astu nuair a thugann úsáideoir cuairt ar _____, mar chuariteoir den chéad uair, nuair a atreoraítear úsáideoir chuig do láithreán ó láithreán eile, nó mar chuariteoir a thagann ar ais arís. Ní mór go dtabharfar léiriú sa liosta ar aon fhianán maidir le cibé ar fhianán céad pháirtí nó tríú páirtí atá ann agus cén fhearainn atá á óstach. Léirigh cibé a bhfuil fianán á chinneadh le bheith “riachtanach i ndáiríre” nó roghnach agus má tá cén bealach a bhfuil an cinneadh seo á dhéanamh.
2. Liostaigh gach tríú páirtí a bhfuil a gcuid fianán nó sócmhainní, lena n-áirítear, cnaipí ‘is maith liom’ breiseáin, picteilíní, rabhcháin, uirlisí tomhais lucht féachana nó eile á gcur chun feidhme ar do láithreán gréasáin. Déan cur síos ar an gcuspóir atá le gach aon cheann acu seo agus ar an mbealach ina bhfuil siad á n-úsáid agus á bpróiseáil ag d’eagraíocht, lena n-áirítear, le haghaidh anailísíochta.
3. Sa chás go bhfuil fianáin nó sócmhainní tríú páirtí á gcur chun feidhme, déan cur síos cibé ar chomhrialaitheoir atá i rialaitheoir sonraí an láithreáin ghréasáin le tríú páirtithe den sórt sin nó eile.
4. Déan cur síos, le do thoil, ar an mbealach ina gcinntíonn tú go bhfuil úsáideoirí ar an eolas maidir le gníomhaíocht tríú páirtí, ar nós anailísíochta nó fógraíocht atá ar siúl ar do láithreán gréasáin agus an fhaisnéis atá á cur ar fáil agat d’úsáideoirí le gníomhaíocht tríú páirtí a rialú trína mbrabhsálaí.
5. Cuir seat den scáileán ar fáil, le do thoil, maidir leis an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d’úsáideoirí maidir le fianáin nuair a thugann siad cuairt ar do láithreán gréasáin. Cuir san áireamh, nuair is gá, na meirgí, fógraí, míreanna aníos agus na bealaí go léir atá á n-úsáid le haird an úsáideora a dhíriú ar úsáid fianán.
6. Léirigh i do fhreagra an bealach ina bhfaightear toiliú an úsáideora sula stóráiltear faisnéis, nó sula bhfaightear rochtain ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin, ar threalamh teirminéalach an úsáideora.

- a. Cuir mionsonraí ar fáil maidir le conas atá an toiliú seo ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) do thoiliú beacht, gan athbhrí agus go deimhneach, go háirithe an bealach ina ndéanann an rialaitheoir sonraí an toilithe a thaifeadadh agus gur féidir é sin a léiriú, de réir Airteagal 7(1), agus an bealach inar féidir an toiliú a tharraingt siar de réir Airteagal 7(3)
 - b. Cuir mionsonraí ar fáil maidir le rialuithe príobháideachais atá curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear, faisnéis ar bharraí sleamhnáin, cnaipí, UX, fógraí maidir le brú agus aon mhodhanna eile atá in úsáid le húsáideoirí a chur ar an airdeall ó thaobh úsáid fianán agus le cur ar a gcumas roghanna a dhéanamh maidir le húsáid teicneolaíochtaí den sórt sin. Déan cur síos ar fheidhmiúlacht gach aon rialú.
 - c. Deimhnigh cibé a dtarlaíonn stóráil nó rochtain chuig faisnéis ar threalamh teirminéalach an úsáideora sula bhfaightear nó tar éis toiliú a fháil agus a thaifeadadh.
 - d. Déan cur síos ar an mbealach inar féidir le húsáideoir, tar éis na cuairte agus na hidirghníomhaíochta thosaigh, a roghanna toilithe tosaigh a athrú.
 - e. Sa chás gur infheidhme, déan cur síos ar na himthosca agus ar an gcúis a bhféadfaí toiliú a lorg ón úsáideoir arís tar éis dó/di toiliú a dhiúltú i dtosach báire.
 - f. Déan cur síos ar aon difríochtaí meicníochta lena bhfaightear toiliú nuair a dhéantar é a rochtain ó ghairesas soghluaiste i gcomparáid le ríomhaire pearsanta.
 - g. Déan cur síos ar an mbealach ina n-idirghníomhaíonn do chuid fianáin agus an mheicníocht toilithe le haon teicneolaíocht “bhacaire fianán” nó “bacaire fógraí” atá suiteáilte, lena n-áirítear a leithéid a bhrath.
 - h. Má bhraitear aon “bhacaire fianán” nó “bacaire fógraí” den sórt sin, déan cur síos, le do thoil, má tá agus conas atá, tionchair aige ar ábaltacht an úsáideora féachaint ar an ábhar atá ar do láithreán gréasáin.
7. An bhfuil aon smacht ag an úsáideoir ar fhianáin a d’fhéadfadh a bheith stóráilte ar a ar a dtrealamh teirminéalach?
- a. Má tá rialuithe úsáideora ann, déan cur síos, le do thoil, ar na socrúcháin réamhshocraithe do na rialuithe sa mheicníocht toilithe fianáin atá in úsáid ar do láithreán gréasáin.
 - b. Tabhair breac-chuntas, le do thoil, ar gach fianán atá cumasaithe trí réamhshocrú agus nach féidir a chasadh as trí aon rialuithe atá ag an úsáideoir.
 - i. Ainm gach aon fhianán a thagann laistigh den chatagóir seo

- ii. An chúis nach bhfuil aon rialuithe i bhfeidhm le cosc a chur ar stóráil fianáin.
8. Léirigh an bealach ina gcuirtear faisnéis ar fáil do rannpháirtithe nó d'úsáideoirí atá soiléir agus cuimsitheach, léirithe go feiceálacha agus go n-áirítear ann, gan aon srianadh, cuspóirí na próiseála.
 9. Cuir cóip iomlán leictreonach ar fáil, le do thoil, den fhaisnéis go léir atá ar fáil ar do láithreán gréasáin maidir le húsáid fianán. Cuir san áireamh, sa chás gur féidir, seat scáileáin de na ceanntáisc agus de na buntáisc ina bhfuil faisnéis maidir le fianáin agus de na URLlna ina bhféadfaí an fhaisnéis seo a aimsiú. Ba chóir go mbeadh ar do chumas a léiriú go bhfuil an fhaisnéis seo feiceálach go soiléir agus inrochtana go héasca araon.
 10. Léirigh, le do thoil, má atreoraítear úsáideoirí chuig aon láithreáin tríú páirtí ar mhaithe le faisnéis a rochtain maidir le fianáin tríú páirtí atá curtha ar an trealamh teirminéalach nuair a thugann siad cuairt ar do láithreán. Cuir URLlna nó ainmneacha fearann ar fáil, le do thoil.
 11. Cuir cóip ar fáil, le do thoil, den bheartas príobháideachais nó d'fhógraí a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí do láithreán gréasáin agus léirigh conas agus cá háit ar do láithreán a bhfuil an fhaisnéis seo á taispeáint.
 12. Mura bhfuil comhlíontacht bainte amach ag d'eagraíocht leis na Rialacháin Ríomhphríobháideachais, tabhair míniú, le do thoil, ar an gcúis atá leis sin, le hamscála soiléir maidir leis an uair a bhainfear comhlíontacht amach agus mionsonraí sonracha maidir leis an obair atá á déanamh lena bhaint amach.
 13. Cuir ar fáil, le do thoil, aon fhaisnéis bhreise nó forlíontach a mheasann tú a chuideoidh le do fhreagra ar cheistiúchán na scuab-shuirbhé seo a bhféadfadh sé nach bhfuil siad clúdaithe ag aon cheisteanna roimhe seo.

AGUISÍN II

An reachtaíocht ar fhianáin

Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58 (arna leasú ag Treoir 2009/136/CE):

“Cinnteoídh Ballstáit nach gceadaítear stóráil faisnéise, nó rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin ar threalamh teirminéalach rannpháirtí nó úsáideora ach amháin ar an gcoinníoll go bhfuil a thoiliú/a toiliú tugtha ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir atá i gceist, tar éis faisnéis atá soiléir agus cuimsitheach a bheith curtha ar fáil dó/di de réir Treoir 95/46/CE, inter alia, maidir le críocha na próiseála. Ní chuirfidh sé seo cosc ar aon stóráil theicniúil nó rochtain gurbh é an t-aon chuspóir atá leis tabhairt faoi tharchur cumarsáide thar líonra cumarsáide leictreonach, nó mar atá riachtanach i ndáiríre do sholáthróir seirbhíse na sochaí faisnéise ar éiligh an rannpháirtí nó an t-úsáideoir air/uirthi go soiléir an tseirbhís a sholáthar.”

Rialachán 5(3) de na Rialacháin Ríomhphríobháideachais (I.R. Uimh. 336/2011):

“Ní bhainfidh duine úsáid as líonra cumarsáide leictreonach le faisnéis a stóráil, nó le rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin ar threalamh teirminéalach rannpháirtí nó úsáideora, mura mbíonn

(a) a thoiliú/a toiliú tugtha ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir i leith na húsáide sin, agus

(b) go bhfuil faisnéis shoiléir agus cuimsitheach curtha ar fáil don rannpháirtí nó don úsáideoir de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí atá —

(i) ar taispeáint go soiléir agus inrochtana araon faoi shaoirse, agus

(ii) go n-áirítear, gan srian, críocha próiseála na faisnéise.

Rialachán 5(4):

“Chun críocha alt (3), ní mór go mbeidh na modhanna le faisnéis a sholáthar agus le toiliú a thabhairt chomh sothuigthe agus is féidir. Sa chás go bhfuil sé indéanta agus éifeachtach go teicniúil, agus aird á thabhairt ar fhorálacha ábhartha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, féadfar toiliú an úsáideora i leith faisnéis a stóráil nó rochtain a fháil ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin a thabhairt trí úsáid a bhaint as socrúcháin bhrabhsála cuí nó as feidhmchláir theicneolaíochta eile trí bhealaí lenar féidir a bhreithniú go bhfuil a thoiliú/a toiliú tugtha ag an úsáideoir.”

Rialachán 5(5):

“Ní chuireann Alt (3) cosc ar aon stóráil theicniúil, nó rochtain chuig faisnéis chun críche tabhairt faoi tharchur cumarsáide thar líonra cumarsáide leictreonaí agus sin amháin nó sa chás é a bheith riachtanach i ndáiríre le seirbhís sochaí faisnéise soiléir a chur ar fáil agus a bhí éilithe go soiléir ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir.”

Déantar soiléiriú i Réamhathris 24 den Treoir Ríomhphríobháideachais 2002/58 ar an oibleagáid le rúndacht chumarsáide a chinntiú:

“Tá trealamh teirminéalach úsáideoirí líonraí cumarsáide leictreonaí agus aon fhaisnéis atá stóráilte ar threalamh den sórt sin mar chuid de réimse príobháideach úsáideoirí a éilíonn cosaint faoin gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

D’fhéadfadh earraí spaireachta, mar a thugtar orthu, spéicéirí gréasáin agus aitheantóirí atá ceilte dul isteach ar threalamh teirminéalach úsáideora i ngan fhios dóibh ar mhaithe le rochtain a fháil ar fhaisnéis, le faisnéis cheilte a stóráil nó le gníomhaíochtaí rúnda an úsáideora a rianú agus d’fhéadfadh sé sin cur isteach go mór ar phríobháideachas na n-úsáideoirí siúd. Níor chóir úsáid na ngaireas seo a bheith ceadaithe ach amháin do chríocha dlísteanacha, agus na húsáideoirí lena mbaineann sé ar an eolas.”

Sainmhíniú ar thoiliú faoi Airteagal 4(11) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí:

“ciallaíonn ‘toiliú’ an ábhair na sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí

ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi”.

Airteagal 24 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – freagracht an rialaitheora:

24(1) *“agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála a gcur san áireamh aige, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad a d’fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo, cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme le háirithiú agus le bheith in ann a thaispeáint go ndéantar an phróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. ² Déanfar na bearta sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá”*

24(2) *“Áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 go gcuirfidh an rialaitheoir beartais iomchuí um chosaint sonraí chun feidhme má tá sin comhréireach i dtaca le gníomhaíochtaí próiseála.”*

ⁱ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32002L0058&from=EN>

ⁱⁱ Tuairim Pháirtí Oibre Airteagal 29 maidir le hiompraíocht fógraíochta ar líne 22 Meitheamh 2010, leathanach 13 (PDF): https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/opinion-recommendation/files/2010/wp171_en.pdf

ⁱⁱⁱ Tuairim 2/2010 maidir le hiompraíocht fógraíochta ar líne https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/opinion-recommendation/files/2010/wp171_en.pdf (PDF)

^{iv} Tuairim 04/2012 Pháirtí Oibre Airteagal 29 ar Dhíolúine Toilithe Fianáin, leathanach 5 (PDF): https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/opinion-recommendation/files/2012/wp194_en.pdf

^v *An bealach ina bhfuil na láithreáin ghréasáin sláinte is mó ag comhroinnt sonraí atá goilliúnach le lucht fógraíochta*, an Financial Times, an 13 Samhain 2019. (D’fhéadfadh balla íocaíochta a bheith sa nasc: <https://www.ft.com/content/0fbf4d8e-022b-11ea-be59-e49b2a136b8d>)